AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.1.2014
COM(2014) 6 final

2014/0002 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta, rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

{SWD(2014) 9 final}
{SWD(2014) 10 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

1.1. Raon feidhme an togra

Tá faoin togra seo le haghaidh Rialacháin rochtain oibrithe ar sheirbhísí tacaíochta do shoghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE a fheabhsú, agus sa tslí sin tacú le soghluaisteacht chothrom agus rochtain ar dheiseanna fostaíochta a mhéadú ar fud an Aontais.

Tagann sé in ionad na bhforálacha maidir le malartú faisnéise faoi fholúntais, iarratais ar phost agus CVanna ar fud na mBallstát ("imréiteach") le fáil faoi láthair i gCaibidil II agus in Airteagal 38 de Rialachán 492/2011[1] agus tá sé bunaithe ar Airteagal 46 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais ('an Conradh'). Athbhunaíonn sé freisin líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta, ar a dtugtar EURES, a mbeidh de chuspóir aige cúnamh a chur ar fáil le cuardach poist agus le hearcaíocht ar fud na mBallstát. Tá líonra den chineál céanna gníomhach inniu ar bhonn Chinnidh ón gCoimisiún arna ghlacadh in 2012[2]. Dá bhrí sin, nuair a ghlacfar an Rialachán seo, aisghairfidh an Coimisiún an Cinneadh thuasluaite maidir le feidhmiú líonra EURES atá ann faoi láthair.

Cuireann Airteagal 45 den Chonradh saoirse gluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas faoi urrús agus in Airteagal 46 leagtar amach na bearta chun an tsaoirse sin a thabhairt i gcrích, go háirithe trí dhlúthchomhar idir na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta ('SPFanna') a áirithiú. Thug an Coimisiún togra isteach le déanaí freisin chun líonra SPFanna a bhunú[3] le comhar agus foghlaim fhrithpháirteach a neartú bunaithe ar Airteagal 149 den Chonradh. Pléifidh an líonra sin le raon cuspóirí agus tionscnamh níos leithne trí bhíthin dreasachtaí agus is comhlánú ar an togra seo é.

1.2. Réasúnaíocht don togra

Tá saoirse gluaiseachta ar cheann de cheithre shaoirse bhunúsacha an Aontais Eorpaigh agus is gné lárnach de shaoránacht an AE í. Cumhdaítear le hAirteagal 45 den CFAE ceart shaoránaigh an AE bogadh go dtí Ballstát eile chun críocha oibre.

Gineann soghluaisteacht buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha. Leathnóidh méadú soghluaisteachta lucht saothair laistigh den AE deiseanna fostaíochta d'oibrithe agus cuideoidh sé le fostóirí folúntais a líonadh níos fearr agus níos tapa. Cuireann sé sin le margadh saothair Eorpach a fhorbairt a bhfuil leibhéal ard fostaíochta aige (Airteagal 9 den CFAE).

Tá soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE réasúnta íseal i gcomparáid le méid an mhargaidh saothair agus dhaonra gníomhach an AE. Tá soghluaisteacht bhliantúil laistigh den AE27, mar a bhíodh, ag 0.29 %, faoi bhun rátaí na hAstráile (1.5 % idir 8 stát) agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (2.4 % idir 50 stát)[4]. Níl ach timpeall 7.5 milliún de lucht saothair na

---

1 IOAE, 27.5.2011, L 141, lch.1

2 Cinneadh 2003/8/CE an 23 Nollaig a chuireann chun feidhme Rialachán (CEE) 1612/68 maidir le faomhadh folúntas agus iarratas ar fhostaíocht (IO L5, 10.1.2003, lch 16), a aisghaireadh le Cinneadh chur chun feidhme ón gCoimisiún 2012/733/AE an 26 Samhain 2012 a chuireann chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 (IOAE L328, 28.11.2012, lch.21). Tiocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2014.

3 COM (2013) 430

4 OECD Economic Surveys: European Union (Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An tAontas Eorpach), Márta 2012 nó http://www.oecd-ilibrary.org/economics/oecd-economic-surveys-european-union-2012_eco_surveys-eur-2012-en

hEorpa de thart ar 241 milliún (i.e. 3.1 %) atá gníomhach go heacnamaíoch i mBallstát eile[5]. Faoi láthair tá rátaí arda dífhostaíochta i roinnt Ballstát fad atá líon ard folúntas i mBallstáit eile.

Tháinig méadú suntasach ar líon na n-oibrithe a léiríonn "rúin daingne" (i.e.: cion na ndaoine a bhfuil fúthu dul ar imirce sa 12 atá rompu) bogadh thar lear chun dul ag obair[6]. Léiríonn clárúcháin le EURES go bhfuil méadú ar líon na ndaoine atá ag lorg poist thar theorainneacha náisiúnta. Mhéadaigh líon na gcuardaitheoirí poist atá cláraithe ar thairseach EURES ó 175,000 go 1,200,000 idir 2007 agus Nollaig 2013 gan méadú comhfhreagrach ar shoghluaisteacht ó phost go chéile.

Sa lá atá inniu ann ní bhogann ach thart ar 700,000 duine sa bhliain ar an meán le dul ag obair i mBallstát eile[7], ach san aon am léiríonn eachtarshuímh bunaithe ar na suirbhéanna gur mhaith le thart ar 2.9 milliún saoránach den AE bogadh sna 12 mhí rompu[8]. Cumas soghluaisteachta suntasach agus dúshlán do líonra EURES is ea é sin.

Is iomaí fáth nár úsáideadh acmhainneacht na soghluaisteachta lucht saothair laistigh den AE agus nach gcomhlíonann saoránaigh a n-intinn a bheith ina n-oibrithe soghluaiste. Léiríonn suirbhéanna[9] gurb iad na deacrachtaí praiticiúla is coitianta a mbíonn súil leo nó a mbuailtear leo easpa eolais ar an teanga ábhartha agus deacrachtaí chun post a fháil. Is féidir leis an AE cuidiú leis an dara ceann trí fheasacht a ardú faoi dheiseanna fostaíochta ar fud an Aontais agus seirbhísí tacaíochta cuí a fhorbairt d'fhonn earcú laistigh den AE a spreagadh. Beidh sé sin de chúram ar líonra treisithe EURES.

Cé go raibh feidhmiú líonra EURES faoi réir roinnt athruithe ar thionscnamh an Choimisiúin trína Chinneadh in 2012, Caibidil II de Rialachán 492/2011, níor leasaíodh an creat rialála Eorpach sin do mhalartú imréiteach agus faisnéise idir na Ballstáit maidir le soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE ó 1992 i leith.

Is gá athbhreithniú cuimsitheach a thugann aitheantas do phatrúin nua soghluaisteachta, ceanglas feabhsaithe maidir le soghluaisteacht chothrom, athruithe ar an teicneolaíocht chun sonraí faoi fholúntais a chomhroinnt, úsáid a bhaint as raon cainéal earcaíochta ag lucht cuardaigh fostaíochta agus ag fostóirí agus ról méadaitheach do bhróicéirí eile sa mhargadh saothair leis na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna) chun seirbhísí earcaíochta a chur ar fáil. Faoi shoghluaisteacht chothrom tuigtear soghluaisteacht a tharlaíonn ar bhonn deonach agus a bhfuil meas aici ar dhlí an tsaothair agus ar chaighdeáin saothair chomh maith le cearta na n-oibrithe laistigh den Aontas.

Aithníonn conclúidí an 28 agus 29 Meitheamh, 2012 ón gComhairle Eorpach maidir leis an gComhshocrú le haghaidh Fáis agus Post an phráinn pholaitiúil chun soghluaisteacht saothair laistigh den AE a fheabhsú i gcomhthéacs na rátaí dífhostaíochta arda: "*Ba cheart tairseach EURES a fhorbairt mar fhíoruirlis Eorpach do lonnú agus d'earcaíocht (…)*". I gconclúidí na Comhairle Eorpaí an 13 agus an 14 Nollaig 2012 maidir leis an Suirbhé Bliantúil ar Fhás agus fostaíocht don aos óg 2013 iarradh ar an gCoimisiún rialachán nua maidir le EURES a mholadh.

---

5 Ní áiríonn an figiúr sin oibrithe a bhfuil cónaí orthu i mBallstát amháin agus ag cur fúthu i mBallstát eile (oibrithe trasteorann).

6 Staid Fostaíochta agus Sóisialta an AE, athbhreithniú ráithiúil, Meitheamh 2013, ag baint úsáide as sonraí vótaíochta Gallup World

7 An ráta bliantúil 0.29 % a chur i bhfeidhm ar an lucht saothair iomlán (241 milliún)

8 Sonraí vótaíocht Gallup World a chur i bhfeidhm ar an sciar daoine a bhfuil fúthu bogadh laistigh den 12 mhí atá le teacht, 1.2 % in 2011 agus 2012, ar an lucht saothair iomlán (241 milliún)

9 Eorabharaiméadar speisialta 337: Soghluaisteacht mhargaidh saothair agus gheografach (2009)

Ina Thuarascáil ar Shaoránacht an AE 2013[10] gheall an Coimisiún tionscnamh a chur ar aghaidh in 2013 chun EURES a nuachóiriú le cur le ról agus tionchar na seirbhísí fostaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus feabhas a chur ar chomhordú soghluaisteachta lucht saothair san AE (beart 2). Tá nuachóiriú EURES san áireamh freisin sa Teachtaireacht ón gCoimisiún "Saorghluaiseacht shaoránaigh an AE agus a dteaghlaigh: Cúig bheart chun difríocht a dhéanamh"[11] an 25 Samhain 2013 mar chuid de na bearta arb é is aidhm dóibh cabhrú leis na húdaráis áitiúla rialacha an AE maidir le saorghluaiseacht ar chur i bhfeidhm go praiticiúil (beart 5).

I gcomhréir leis an iarraidh i gconclúidí na Comhairle Eorpaí thuas an 28 agus an 29 Meitheamh 2012, leathnófar líonra EURES freisin de réir a chéile le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna a chur san áireamh. Tá fostaíocht trí earcú daoine óga laistigh den AE ag fáil tacaíochta ó Do Chéad Phost EURES. Nascann an scéim sin cúnamh cuardaigh poist saincheaptha le tacaíocht airgeadais i leith caiteachas taistil le haghaidh agallaimh poist, socrú etc. Tá ar intinn ag an gCoimisiún leanúint ar aghaidh ag tacú le scéimeanna den sórt sin. Chomh maith leis sin, ba cheart go neartódh togra le haghaidh Rialacháin cumas na seirbhísí fostaíochta comhpháirtíochtaí a fhorbairt chun níos mó earcaíochta laistigh den AE do dhaoine óga a chruthú. Chun comhleanúnchas le tionscnaimh leanúnacha ar leibhéal an AE a áirithiú, amhail an Chomhghuaillíocht Mhór um Poist Dhigiteacha agus an Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí, iarrtar ar líonra EURES freisin forbairt na dtionscnamh sin a chur chun cinn go gníomhach.

1.3. Easnaimh i líonra EURES

I gcomhréir leis an bPacáiste Fostaíochta[12], ghlac an Coimisiún Cinneadh in 2012 chun líonra EURES a nuachóiriú agus a threisiú[13]. Tagann an Cinneadh in ionad Chinneadh an Choimisiúin 2003[14] agus é mar aidhm aige dreasachtaí a chruthú do ghíomhaíochtaí meaitseála, socrúcháin agus earcaíochta laistigh de líonra EURES atá ann faoi láthair, *inter alia* Seirbhísí Fostaíochta Príobháideacha, a oscailt chomh fada is féidir, gan modhnú ar an bhunús dlí (Rialachán 492/2011). Tháinig Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/733/AE ón gCoimisiún i bhfeidhm an 1 Eanáir 2014.

Léiríonn fianaise gur chabhraigh líonra EURES, a bhfuil thart ar 900 comhairleoir agus ardán coiteann aige chun folúntais Eorpacha a imréiteach - tairseach EURES - le go leor de lucht cuardaigh fostaíochta agus fostóirí chun deiseanna soghluaisteachta a bhaint amach. Iad siúd a tharraingíonn an ionstraim sin chucu agus atá in ann a cuid seirbhísí a úsáid, is mór a meas uirthi de ghnáth.

Ach is léir nach leor feistiú na hionstraime, mar a fheidhmíonn sí inniu, le tuilleadh patrún cothrom soghluaisteachta a spreagadh mar chuid de na réitigh le haghaidh na míchothromaíochtaí ar mhargadh saothair na hEorpa, go háirithe i bhfianaise líon lucht saothair an AE agus cineál an dúshláin sa staid eacnamaíoch atá ann faoi láthair. Aithníodh na heasnaimh seo a leanas maidir le hoibriú líonra EURES:

– Líon neamhiomlán folúntas agus CVanna inrochtana ar leibhéal an AE le haghaidh na mBallstát ar fad (trédhearcacht na margaí saothair);

– Cumas teoranta meaitseála thairseach EURES a thugann folúntais agus CVanna le chéile ag leibhéal an AE, mar gheall ar an méid teoranta idir-inoibritheachta brí atá

[10] COM (2013) 269 final
[11] COM (2013) 837 final
[12] COM (2012) 173 final
[13] IO L 328, 28.11.2012, lch. 21.
[14] IO L 5, 10.1.2003, lch. 16.

sna sonraí a thagann ó chórais folúntas náisiúnta (acmhainneacht uathoibrithe meaitseála);

– Rochtain mhíchothrom ar sheirbhísí EURES ar fud an AE agus gan lucht cuardaigh fostaíochta agus fostóirí ag fáil na faisnéise go léir is gá maidir le EURES ná tairiscint le haghaidh tuilleadh cúnaimh ag an gcéad chéim earcaíochta (príomhshruthú);

– Cumas teoranta chun cabhrú le meaitseáil, earcaíocht agus socrúcháin don lucht cuardaigh fostaíochta agus do na fostóirí sin a chuir spéis i soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE, lena n-áirítear i rochtain ar bhearta idirghníomhacha faoin margadh saothair agus eolas agus comhairle maidir le slándáil shóisialta (seirbhísí tacaíochta);

– Malartú faisnéise idir na Ballstáit a bheith mí-éifeachtach maidir le ganntanas agus barrachas lucht saothair, rud a chuireann isteach ar chomhar praiticiúil níos spriocdhírithe i líonra EURES (malartú faisnéise agus comhar).

1.4. Cuspóirí an togra

Is é is cuspóir ginearálta líonra EURES a fhágáil ina ionstraim éifeachtach d'aon chuardaitheoir poist nó fostóir a bhfuil suim acu i soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE. Téann cuspóirí sonracha an togra i ngleic leis na heasnaimh thuas mar seo a leanas:

– soláthar folúntas atá beagnach iomlán a bhaint amach ar thairseach EURES, agus rochtain mheandrach ar na folúntais chéanna ag cuardaitheoirí poist ar fud na hEorpa, i gcomhcheangal le líon fairsing CVanna atá ar fáil ónar féidir le fostóirí cláraithe daoine a earcú;

– a chur ar chumas thairseach EURES meaitseáil uathoibrithe mhaith a dhéanamh idir folúntais agus CVanna ar fud na mBallstát, lena n-áirítear aistriúcháin go teangacha uile an AE agus tuiscint ar scileanna, inniúlachtaí, gairmeacha beatha agus cáilíochtaí a bhaintear amach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal earnálach.

– faisnéis bhunúsach a chur ar fáil faoi líonra EURES ar fud an Aontais d'aon chuardaitheoir poist nó fostóir atá ag lorg seirbhísí cliant le haghaidh earcaíochta agus rochtain ar líonra EURES a thairiscint go seasta d'aon duine a bhfuil suim acu ann;

– cuidiú le haon duine den sórt sin a bhfuil suim acu i meaitseáil, socrúcháin agus earcaíocht trí líonra EURES;

– tacú le feidhmiú líonra EURES trí mhalartú faisnéise maidir le ganntanas agus barrachas lucht saothair náisiúnta agus comhordú na mbeart ar fud na mBallstát.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

2.1. Comhairliúchán leis na Ballstáit

Ba é an pointe tosaigh do Chinneadh 2012 an mheastóireacht ar líonra EURES in 2010[15]. I gcomhthéacs an ullmhúcháin i dtreo Chinneadh 2012, eagraíodh seisiúin chomhairliúcháin leis na Ballstáit maidir leis na heasnaimh atá ann faoi láthair agus treoshuíomh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo do líonra EURES. Chuathas i gcomhairle go foirmiúil leis an gCoiste Comhairleach ar 'Shaoirse Gluaiseachta Oibrithe' faoin dréacht-Chinneadh i bhFómhar na

[15] COM (2010) 731 final

bliana 2012. Tríd is tríd cuireadh fáilte roimh phríomhaidhm an Chinnidh, seirbhísí EURES a atreorú ó eolas agus treoir ghinearálta i dtreo níos mó meaitseála, socrúchán agus earcaíochta. Thacaigh na Ballstáit ar fad leis an smaoineamh timthriall cláreagraithe agus comhtháscairí ar ghníomhaíochtaí EURES le trédhearcacht maidir le feidhmíocht a mhéadú, malartú faisnéise a fheabhsú agus comhordú na mbeart a fheabhsú.

Ó shin i leith shoiléirigh na Ballstáit aonair i gcruinnithe saineolaithe a seasaimh maidir le raon feidhme na mbeart féideartha cur chun feidhme i bhfianaise na gcleachtas agus na srianta náisiúnta. Mar thoradh ar na cruinnithe sin, aontaíodh ar an gcur chuige i dtreo oscailt an líonra do sholáthraithe seirbhíse eile seachas na SPFanna a choigeartú le níos mó ama agus saoirse a thabhairt do na Ballstáit faoin tslí chun comhpháirtíochtaí a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta.

2.2. Comhairliúchán le cleachtóirí

Ag tógáil ar na comhairliúcháin thuas ar líonra EURES i gcoitinne, cuireadh ceistneoirí amach in 2013 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais maidir leis an rochtain ar fholúntais ar an leibhéal náisiúnta, ar an rochtain do lucht cuardaigh fostaíochta agus d'fhostóirí ar líonra EURES, agus eagrú meaitseála, socrúchán agus gníomhaíochtaí earcaíochta ar fud líonra EURES. Deimhníonn na freagraí ar na ceistneoirí na heasnaimh a d'aithin an Coimisiún, mar léiríonn siad éagsúlacht mhór sna Ballstáit ar (a) cé na folúntais a bhíonn faoi réir imréiteach na hEorpa (trédhearcacht na margaí saothair), (b) a seasamh tosaigh meaitseáil uathoibrithe a chumasú, (c) an chaoi le rochtain a fháil ar líonra EURES go praiticiúil (príomhshruthú) agus (d) soláthar iarbhír na seirbhísí tacaíochta.

2.3. Measúnú tionchair

I gcomhréir lena bheartas maidir le rialáil níos fearr, rinne an Coimisiún measúnú tionchair ar na roghanna beartais chun dul i ngleic leis na heasnaimh a aithníodh.

Ba iad na roghanna éagsúla beartas (1) an *status quo* a choinneáil, (2) Rialachán 492/2011 a leasú maidir le cumhachtaí an Choimisiúin i leith chur chun feidhme a fhorálacha, (3) Rialachán nua a thabhairt isteach a mbeadh forálacha nua ar fad ag gabháil leis agus (4) Rialachán nua a thabhairt isteach ina mbeadh sainordú ar leith ón gCoimisiúin le cur leis an gcomhar idir seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha. Rinneadh anailís ar gach rogha i gcomparáid leis an gcuspóir ginearálta líonra EURES a fhágáil ina ionstraim éifeachtach d'aon chuardaitheoir poist nó fostóir a bhfuil suim acu i soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE.

Léirigh an measúnú tionchair go dtarraingeodh an chéad rogha moill ar an athchóiriú a seoladh le Cinneadh na bliana 2012. Chuirfeadh an dara rogha ar chumas an Choimisiún na bearta iomchuí a thabhairt chun cinn agus leanúint leis an bpróiseas i dtreo ionstraim níos éifeachtaí, ach, i bhfianaise na srianta i roinnt Ballstát, ní raibh súil leis go mbainfeadh sé amach toradh inmhianaithe an Chinnidh gan athruithe i Rialachán 492/2011 féin. Ní réiteodh an dara rogha go hiomlán na heasnaimh ar mheaitseáil uathoibrithe, príomhshruthú, seirbhísí tacaíochta agus malartú faisnéise agus comhar. Dá bhrí sin, is é an rogha is fearr ionstraim neamhspleách ina gcomhcheanglaítear forálacha an dá ionstraim agus a théann i ngleic leis na heasnaimh go léir a chur in ionad Rialachán 492/2011 agus Chinneadh 2012. Laistigh den rogha sin, fuarthas réidh le roinnt roghanna ar leith toisc nach raibh siad comhréireach leis na cuspóirí sonracha. An ceathrú rogha, a chuirfeadh le rogha 3 sainordú don Choimisiún comhpháirtíochtaí le seirbhísí nua fostaíochta a bhunú go huathrialach ar mhaithe le leas líonra EURES ina iomláine, measadh go rachadh sí thar a bhfuil riachtanach ag an gcéim seo.

Thug an Bord um Measúnú Tionchair ('BMT') tuairim faoin dréacht-mheasúnú tionchair an 5 [*Nollaig*] 2013. Tá tuairim an BMT chomh maith leis an Measúnú Tionchair deiridh agus a achoimre feidhmiúcháin á bhfoilsiú in éineacht leis an togra seo.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

3.1. Bunús dlí

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 46 den CFAE, ar an mbonn dlíthiúil céanna le Rialachán (AE) Uimh. 492/2011, a cheadaíonn Rialacháin nó Treoracha a ghlacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach.

3.2. Prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta

Tá dlúthbhaint ag cuspóirí an Rialacháin atá beartaithe leis na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 3(3) CAE, faoinar bhunaigh an tAontas Eorpach margadh inmheánach bunaithe ar gheilleagar sóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar, atá dírithe ar lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta, Airteagal 9 den CFAE, leibhéal ard fostaíochta a chur chun cinn, ráthaíocht ar chosaint shóisialta leormhaith agus Airteagal 45 den CFAE ("an ceart glacadh le tairiscintí fostaíochta a rinneadh iarbhír (...) laistigh de chríoch na mBallstát chuige sin").

Tá dlúthbhaint ag na bearta sonracha aonair sa togra seo lena chéile. Treisíonn siad a chéile agus le chéile ba cheart go bhfágfaidís líonra EURES ina rogha ionstraime thosaíochta d'aon chuardaitheoir poist nó fostóir a bhfuil suim acu i soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE. Sa mhéid gur leathnú ar na hoibleagáidí trédhearcachta atá ann faoi láthair atá i gceist leis na bearta sin, lena mbeifear in ann meaitseáil uathoibrithe a dhéanamh, lena n-áiritheofar rochtain chomhionann ar fud an Aontais ar líonra EURES, lena saineofar seirbhísí tacaíochta praiticiúla ar bhealach níos soiléire agus lena leathnófar na socruithe malartaithe faisnéise atá ann faoi láthair, meastar gur freagra cuimsitheach ach cothrom iad ar na heasnaimh éagsúla atá sa chreat reatha le haghaidh comhair. Is leor na bearta sin freisin i bhfianaise staid na ndaoine dífhostaithe ar na margaí saothair, ar riachtanais lucht cuardaigh fostaíochta ("rúin dhaingne") agus an dul chun cinn (teicneolaíoch) ar na margaí folúntas agus earcaíochta.

Tá bonn cirt le gach beart aonair *per se* mar bheart a thugann saoirse gluaiseachta d'oibrithe a aithnítear faoi Airteagal 46 den Chonradh. Tá d'aidhm ag gach beart "an dlúthchomhar idir na seirbhisí fostaíochta náisiúnta" (Airteagal 46 (a) den CFAE) a fheabhsú agus/nó "an t-innealra iomchuí" a athdhearadh chun folúntais a thabhairt le chéile le hiarratais ar phoist (Airteagal 46 (d) den CFAE).

Toisc go bhfuil imréiteach folúntas, iarratas ar phost agus CVanna thar theorainneacha agus an socrúchán oibrithe mar thoradh air sin bunaithe ar an tuiscint gurb ann do chreat comhchoiteann do chomhar idir eagraíochtaí i mBallstáit éagsúla, ní féidir leis na Ballstáit ina n-aonar cuspóirí an togra a bhaint amach go leordhóthanach agus, dá bhrí sin, tá gá le bearta ar leibhéal an AE.

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Ar son na trédhearcachta, ní chuirfidh na Ballstáit ar fáil ar thairseach EURES ach na folúntais agus CVanna sin atá ar fáil cheana féin ar bhonn náisiúnta. Bainfear meaitseáil uathoibrithe amach ag baint úsáide as uirlisí idir-inoibritheachta simplí agus ní trí chóras coiteann aicmithe a fhorchur lena úsáid ag an leibhéal náisiúnta. Féadfar príomhshruthú, i.e. seirbhísí EURES a chomhtháthú i ngníomhaíocht dheasca tosaigh na seirbhísí fostaíochta, a bhaint amach trí fhaisnéis chaighdeánach (ar líne agus/nó páipéar), agus ní thagann sé i gceist ach sna cásanna ina ndéantar teagmháil dhíreach tar éis iarrata sainráite ó dhaoine aonair sna spriocghrúpaí (i.e. i gcás iarrata ar sheirbhísí cliant i dteannta seirbhísí fostaíochta). Is féidir seirbhísí tacaíochta a

sheachadadh ar an leibhéal náisiúnta trí réimse roghanna agus bealaí agus is féidir a ndéine agus a raon feidhme a oiriúnú de réir staide aonair lucht cuardaigh fostaíochta agus fostóirí. Roinnfidh na Ballstáit faisnéis náisiúnta ar bhealach níos córasaí maidir le ganntanas agus barrachas lucht saothair agus beartais lena mbaineann, ach tá an cinneadh maidir leis na beartais sin lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar buiséadach ar leith ar bhuiséad an AE mar thoradh ar an togra seo. Aon ghníomhaíochtaí a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún Eorpach do líonra EURES agus a mbeidh gá le hacmhainní daonna agus/nó airgeadais dá dtoradh, beidh siad faoi raon feidhme an Rialacháin lena mbunaítear an Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") (2014-2020)[16] agus cumhdófar iad i leithdháileadh buiséid bliantúil an chláir seo.

Don tréimhse 2014-2020, íocfaidh clár seo an AE as bearta cothrománacha amhail tairseach EURES, an clár oiliúna comónta, scéimeanna soghluaisteachta spriocdhírithe amhail Do Chéad Phost EURES agus forbairt an chórais aicmithe Eorpaigh do scileanna/inniúlachtaí, cáilíochtaí agus gairmeacha (ESCO). Don tréimhse chéanna, tá gníomhaíochtaí sna Ballstáit maidir le soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE incháilithe faoin Chiste Sóisialta na hEorpa.

5. ACHOIMRE MHIONSONRAITHE AR AN TOGRA

5.1. Caibidil I – forálacha ginearálta

Sainíonn an chaibidil seo ábhar an togra (Airteagal 1) agus a phríomhchoincheapa (Airteagal 2).

Comhtháthaíonn an togra in aon chreat amháin forálacha Chaibidil II agus Airteagal 38 de Rialachán 492/2011 agus Cinneadh ón gCoimisiún 733/2012/AE maidir le líonra EURES.

Déantar tagairt d'oibrithe agus fostóirí mar na spriocghrúpaí ar fud an togra. Sainítear oibrithe agus tagairt á déanamh do na cearta a thugtar do shaoránaigh faoi Airteagal 45 den CFAE. Chun críche na bhforálacha, saoránaigh is ea iad atá ag lorg poist agus a bhfuil an ceart acu gabháil do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe, agus an ghníomhaíocht sin a shaothrú i gcríoch Ballstáit eile. Mar sin féin, d'fhéadfadh siad a bheith ina náisiúnaigh tríú tíre chomh maith a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil i mBallstát agus a bhfuil an ceart acu bheith ag obair, ar choinníoll go bhféadfaidh siad bogadh chuig Ballstát eile.

Cuimsíonn an togra freisin na catagóirí sin saoránach nuair a bhíonn siad ag lorg printíseachta nó deiseanna ar chúrsa oiliúna obairbhunaithe a bhaineann le conradh fostaíochta. Chun aghaidh a thabhairt ar an iarratas ón gComhairle Eorpach an 28-29 Meitheamh 2012, tá cuid de bhaill líonra EURES ag iniúchadh na bhféidearthachtaí cheana féin ar bhonn neamhfhoirmiúil chun raon feidhme líonra EURES a leathnú chun printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna a chur san áireamh. Tosófar treoirthionscadal le linn 2014 lena gceadófar do na Ballstáit tairiscintí agus iarratais a chomhroinnt ar bhonn deonach. Ba cheart í a bheidh mar aidhm malartú faisnéise, tairiscintí agus iarratas sa réimse sin a fhorbairt de réir a chéile agus dul níos faide ná staideanna arna gcumhdach i gconradh fostaíochta.

[16] Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE lena mbunaítear an tSaoráid Mhicreamhaoiniúcháin Eorpach um Fhostaíocht agus um Chuimsiú Sóisialta, IO L347, 20.12.2013, lch. 238.

5.2. Caibidil II - líonra EURES a bhunú

Sa Chaibidil seo athbhunaítear líonra EURES (Airteagal 3). Leagann sé síos a chomhdhéanamh (Airteagal 4(1)) agus róil agus freagrachtaí faoi seach a) an Choimisiúin (An Oifig Eorpach um Chomhordú, Airteagal 6) b) na gcomhlachtaí a d'ainmnigh na Ballstáit chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm (na hOifigí Náisiúnta um Chomhordú, Airteagal 7) agus c) na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach i líonra EURES mar sholáthraithe seirbhíse (Comhpháirtithe EURES, Airteagal 9). Toisc gur líonra de chúnamh frithpháirteach é seo, roinneann na heagraíochtaí uile freagrachtaí comhpháirteacha (Airteagal 4(2)).

Rannchuideoidh líonra EURES le cuspóirí beartais leathana (Airteagal 5). Mar ionstraim a éascaíonn soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE, tá sí ar cheann amháin i measc go leor réiteach agus beartas a chothaíonn leibhéal ard fostaíochta.

Bunaíonn Airteagal 8 an creat a n-údaróidh Ballstáit aonair eagraíochtaí le dul ar líonra EURES mar Chomhpháirtithe EURES ar a bhonn, faoi réir na n-íoschritéar comhchoiteann atá leagtha amach san Iarscríbhinn (Airteagal 8(4)) a chur i bhfeidhm. Is í an fhoráil seo an príomh-mhodh chun ballraíocht líonra EURES a mhéadú faoin togra seo.

Is í is aidhm di sásraí solúbtha a bhunú a chuirfidh ar chumas na mBallstát (de réir a chéile) an oiread eagraíochtaí a chur i líonra EURES a mheastar a bheith úsáideach chun cuspóirí líonra EURES a chur chun cinn:

– An gcéad dul síos, ní dhéantar eagraíocht is iarratasóir a shainmhíniú, ionas go bhféadfaí rochtain a dheonú do raon leathan eagraíochtaí ábhartha, lena n-áirítear seirbhísí fostaíochta san earnáil phríobháideach nó sa tríú hearnáil, eagraíochtaí fostóirí, ceardchumainn, cumainn lucht tráchtála agus eagraíochtaí neamh-rialtais atá ag tacú le hoibrithe imirceacha. D'fhéadfadh na heagraíochtaí sin uile cur go fóinteach le soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE a chothú ar bhealach amháin nó ar bhealach eile.

– Ar an dara dul síos, toisc go bhféadfadh roinnt de na heagraíochtaí a bheith faoi réir srianta sonracha ina sainordú, stádas dlíthiúil nó cumas riaracháin, cuirtear ar a gcumas a roghnú gan a bheith rannpháirteach ach i gcodanna áirithe de ghníomhaíochtaí líonra EURES (Airteagal 9(1)).

– Ar an tríú dul síos, is féidir leis na heagraíochtaí sin a bheith ina gComhpháirtithe EURES i gcomhar le heagraíochtaí eile (Airteagal 8(6)). Ceadaíonn an creat sin go leor solúbthachta chun comhpháirtíochtaí a thógáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar an dóigh sin d'fhorbairt de réir a chéile ar sholáthar for-rochtana agus seirbhís fhairsing gheografach agus téamach ar an leibhéal náisiúnta a bheidh ar cóimhéid leis na patrúin agus na riachtanais soghluaisteachta.

Le hAirteagal 8(3) tugtar isteach ceart do sheirbhísí fostaíochta iarratas a dhéanamh. Ní féidir an ceart seo a fheidhmiú ach amháin sa tír ina bhfuil na seirbhísí fostaíochta lena mbaineann ag feidhmiú go dleathach (prionsabal an chríochachais). Cé go leanfaidh na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna) ar aghaidh agus ról suntasach acu i líonra EURES (Airteagal 10), fágfar athbhreithniú na n-iarratas ó chineálacha eile seirbhísí fostaíochta faoin mBallstát aonair. Féadfaidh Ballstát critéir bhreise orthu sin a leagtar síos san Iarscríbhinn a thabhairt isteach má mheastar go bhfuil gá leo (Airteagal 8(5)).

Le hAirteagal 11 tugtar isteach comhlacht rialaithe amháin chun comhar praiticiúil idir an Coimisiún agus na Ballstáit a éascú don Rialachán seo.

5.3. Caibidil III - Trédhearcacht

Sa chaibidil seo tugtar isteach na bearta sonracha maidir le trédhearcacht agus meaitseáil uathoibrithe:

– chun soláthar folúntas atá beagnach iomlán a bhaint amach ar thairseach EURES, agus rochtain láithreach ar na folúntais chéanna ag cuardaitheoirí poist ar fud na hEorpa, i gcomhcheangal le líon fairsing CVanna atá ar fáil ónar féidir le fostóirí cláraithe daoine a earcú (Airteagail 14, 15 agus 17);

– ionas gur féidir le tairseach EURES meaitseáil uathoibrithe mhaith a dhéanamh idir folúntais agus CVanna ar fud na mBallstát, lena n-áirítear aistriúcháin go teangacha uile an AE agus tuiscint ar scileanna, inniúlachtaí, gairmeacha beatha agus cáilíochtaí a bhaintear amach ar an leibhéal náisiúnta (Airteagal 16).

Tá na forálacha sa chaibidil seo i bhfabhar go sonrach prionsabal na trédhearcachta a shíneadh amach chuig eagraíochtaí seachas na SPFanna, i bprionsabal trí rannpháirtíocht dheonach Chomhpháirtithe EURES i líonra EURES. Anuas air sin, iarrtar ar na SPFanna comhpháirtíochtaí a fhorbairt le haon eagraíochtaí ábhartha eile maidir le prionsabal na rochtana éasca ar thairseach EURES (Airteagal 15(2)) agus aistriú faisnéise ar an leibhéal náisiúnta a éascú trí mhol náisiúnta a chruthú (Airteagal 15(5)).

Soláthar folúntas atá beagnach iomlán

Faoi láthair, ní chuireann gach Ballstát na folúntais uile a fhoilsítear agus a chuirtear ar fáil ar an leibhéal náisiúnta ar fáil do thairseach EURES. Faoi Airteagal 14(1), mír (a) cuirfear de cheangal ar na Ballstáit na folúntais uile a fhoilsíonn siad go náisiúnta a chur ar fáil do thairseach EURES agus leis sin, dá bhrí sin, déantar raon feidhme Airteagal 13 de Rialachán 492/2011 a fhairsingiú.

Ar an gcéad dul síos, ciallaíonn sé sin deireadh a chur le haon teorainneacha ginearálta riaracháin i dtaca leis an aistriú folúntas chuig tairseach EURES go dtí seo, amhail na teorainneacha sin a bhaineann le cineál agus fad an chonartha nó aidhmeanna earcaíochta na bhfostóirí (Airteagal 14(2)).

Ar an dara dul síos, is é atá i gceist leis a chur leis an líon folúntas atá ann cheana na folúntais (a) atá ar fáil leis na SPFanna ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach, ach nach gcomhroinntear go lárnach ná a chuirtear ar fáil do thairseach EURES go dtí seo; (b) ó thríú páirtithe, amhail seirbhísí príobháideacha fostaíochta, i gcás ina gcuirtear iad sin ar fáil do na SPFanna ar bhonn na gcomhaontuithe náisiúnta atá ann cheana agus (c) ó Chomhpháirtithe EURES.

Nuair a áirítear na forbairtí teicneolaíocha i dtaca le ransaíocht ghréasáin a tharla le ríghairid, líon teoranta na mBallstát a bhaineann úsáid as uirlisí den chineál sin agus údair imní maidir le cosaint sonraí a d'fhéadfadh a bheith ann, níl sé beartaithe a chur de cheangal ar na Ballstáit aon sonraí a fhaightear i gcomhar le ransaitheoirí gréasáin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta a chur ar fáil do thairseach EURES faoi láthair.

Líon fairsing iarratas ar phost agus CVanna

Faoi láthair, ní dhéantar aon mhalartú leictreonach uathoibrithe ar CVanna ná faisnéis eile faoi phróifílí cuardaitheoirí poist ar an leibhéal Eorpach, in ainneoin an leagain amach in Airteagal 13 de Rialachán 492/2011. Faoi Airteagal 14(1)(b) cuirfear de cheangal ar na Ballstáit iarratais ar phost agus CVanna atá ar fáil go náisiúnta a chur ar fáil do thairseach EURES amach anseo, ar choinníoll go bhfuil a thoiliú tugtha ag an duine go ndéanfaí amhlaidh.

Cumhdófar sa mhéid sin aistriú na sonraí chuig tairseach EURES, sonraí arna gcur ar fáil ag cuardaitheoirí poist, (a) go díreach do na SPFanna, (b) do na SPFanna mar thoradh ar aon chomhaontuithe nó socruithe maidir le comhroinnt sonraí idir na SPFanna agus seirbhísí fostaíochta eile agus (c) do Chomhpháirtithe EURES. Ar an gcaoi sin d'fhéadfadh fostóirí atá cláraithe ar thairseach EURES rochtain dhíreach a fháil ar líon níos fairsinge CVanna.

Tacú le sásraí le haghaidh rochtana ar líne do chuardaitheoirí poist agus fostóirí

Ionas go mbeidh sé níos éasca ar chuardaitheoirí poist agus fostóirí iarratais ar phost, CVanna agus folúntais a chomhroinnt thar theorainneacha, tugtar dhá oibleagáid isteach: (a) Faoi Airteagal 15 cuirtear de cheangal ar na SPFanna agus Comhpháirtithe EURES eile feabhas a chur ar rochtain ar thairseach EURES maidir leis na tairseacha cuardaigh poist a láimhseálann siad, agus (b) in Airteagal 17 foráiltear nach mór do na SPFanna agus Comhpháirtithe EURES eile atá ag clárú a gcuid sonraí, cúnamh leordhóthanach a thabhairt do chuardaitheoirí poist agus fostóirí dá mba mhian leo clárú ar thairseach EURES freisin.

Meaitseáil uathoibrithe

Tá an Coimisiún Eorpach i mbun forbartha ar chóras aicmithe Eorpach i dtaca le scileanna, inniúlachtaí, cáilíochtaí agus gairmeacha beatha. Cé gurb é an chéad fheidhm a bheidh leis feidhmiú mar inneall meaitseála uathoibrithe bunaithe ar scileanna do thairseach EURES, beifear in ann idir-inoibritheacht iomlán a dhéanamh ar shonraí idir thairseacha náisiúnta cuardaigh poist ar fud na hEorpa.

Go teicniúil, ní gá córais aicmithe a chomhchuibhiú chun idir-inoibritheacht a bhaint amach chun críche meaitseála uathoibrithe. Chun sásra iomchuí a thabhairt isteach i ndlí an Aontais ionas gur féidir leis na Ballstáit uile meaitseáil uathoibrithe thar theorainneacha a fhorbairt sna tairseacha náisiúnta cuardaigh poist, ní fhoráiltear in Airteagal 16 ach go gcuirfidh na Ballstáit fardal tosaigh le chéile chun gach córas aicmithe a chur i gcomparáid leis an gcóras aicmithe Eorpach sin. In Airteagal 16(3) socraítear spriocdháta do na Ballstáit uile agus tar éis an dáta sin bheadh na sonraí ar fad arna gcomhroinnt idir-inoibritheach, ar choinníoll go n-úsáidtear caighdeáin theicniúla agus teimpléid (Airteagal 16(5)).

Freagrachtaí maidir le cáilíocht na sonraí

Tá an fhreagracht maidir le cáilíocht an fholúntais, cruinneas na faisnéise a chuirtear ar fáil agus comhlíonadh an dlí náisiúnta agus na gcaighdeán náisiúnta ar an eagraíocht a chuireann an fhaisnéis sin ar fáil do thairseach EURES. Chun úsáideoirí na tairsí a chur ar an eolas faoin bhfreagracht sin, tá séanadh comhfhreagrach ón gCoimisiún ar an tairseach. In Airteagal 14 déantar tagairt i mír 4 don ghá atá le dlí agus caighdeáin náisiúnta den chineál sin, agus i mír 5 leagtar síos prionsabal an chomhair agus an mhalartaithe i dtaca le faisnéis sa réimse sin agus foráiltear i mír 6 nach mór a bheith in ann foinse na sonraí folúntas a rianú (chuig an eagraíocht a chuireann na sonraí sin ar fáil).

5.4. Caibidil IV - Seirbhísí tacaíochta

Sa chaibidil seo tugtar isteach na bearta sonracha maidir le príomhshruthú agus seirbhísí tacaíochta:

– chun faisnéis bhunúsach a chur ar fáil ar líonra EURES ar fud an Aontais d'aon chuardaitheoir poist nó fostóir atá ag lorg seirbhísí cliant le haghaidh earcaíochta agus rochtain ar líonra EURES a thairiscint go seasta d'aon duine a bhfuil suim aige ann (Airteagal 19 agus Airteagal 20(1));

– chun cúnamh a thabhairt d'aon duine den chineál sin a bhfuil suim aige i meaitseáil, i socrúchán agus in earcaíocht trí líonra EURES (Airteagail 20(2)-(4), 21 go 23).

Tá na forálacha sa chaibidil seo i bhfabhar go sonrach cur leis na seirbhísí tacaíochta a thugann eagraíochtaí seachas na SPFanna, i bprionsabal trí rannpháirtíocht dheonach Chomhpháirtithe EURES i líonra EURES. Anuas air sin, iarrtar ar na SPFanna comhpháirtíochtaí a fhorbairt chun pacáiste seirbhíse soiléir a chur chun cinn chun i measc na bhfostóirí maidir le soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE (Airteagal 21(4)).

Na prionsabail

Urramaítear i mír 1 agus mír 2 d'Airteagal 18 na prionsabail nach mór do na Ballstáit rochtain éifeachtach ar líonra EURES ina gcríoch a áirithiú agus cur chuige comhordaithe i leith seirbhísí tacaíochta a fhorbairt, agus aird acu ar a bhfreagracht as an gcóras údarúcháin do Chomhpháirtithe EURES, feidhmiú rianúil na hOifige Náisiúnta um Chomhordú agus ról na SPFanna maidir le freastal ar leas an phobail sa réimse sin. In Airteagal 18(3) sainaithnítear na roghanna atá ar fáil don soláthar seirbhíse i gcríoch gach Ballstáit.

Cumhdaíonn Airteagal 18(5) an prionsabal nach mór seirbhísí tacaíochta d'oibrithe a bheith saor in aisce, ach i gcás an chuid is mó de na seirbhísí tacaíochta d'fhostóirí féadfar táillí a ghearradh i gcomhréir leis na cleachtais náisiúnta (Airteagal 18(6)).

Príomhshruthú

Foráiltear in Airteagal 19 agus Airteagal 20(1) faoi seach (a) nach mór gach oibrí agus fostóir atá ag clárú do sheirbhísí cliant le seirbhís fostaíochta san AE an bhunfhaisnéis is gá faoin méid is féidir le EURES a dhéanamh dó a fháil agus (b) nach mór gach oibrí a bhfuil suim aige ann a chur ar an eolas go honnghníomhach faoi "thairiscint EURES" chun tuilleadh cúnaimh a fháil.

Seirbhísí Tacaíochta

Faoin gcleachtas atá ann faoi láthair, iarrtar ar eagraíochtaí atá i líonra EURES seirbhísí faisnéise, comhairleoireacht agus comhairle a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist agus fostóirí mar seo a leanas:

– (...) cúnamh agus comhairle a thabhairt do chuardaitheoirí poist a bhfuil suim acu obair thar lear faoi fholúntais oiriúnacha agus cúnamh agus comhairle a thabhairt chun iarratais agus CVanna, i gcomhréir leis an bhformáid chaighdeánaithe Eorpach do CVanna, a tharraingt suas. Tabharfar an deis do chuardaitheoirí poist a CVanna a chlárú i mbunachar sonraí EURES;

– (...) faisnéis agus seirbhísí earcaíochta a chur ar fáil d'fhostóirí ar mian leo daoine a earcú ó thíortha eile, lena n-áirítear comhairle agus cúnamh chun próifíl na n-iarrthóirí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a shonrú. Cuirfidh siad bunachar sonraí CVanna EURES chun cinn mar uirlis chun rochtain a thabhairt d'fhostóirí ar líon iarrthóirí a bhfuil suim acu obair thar lear.

I gCinneadh 2012, iarradh ar na Ballstáit aird níos mó a dhíriú ar mheaitseáil, socrúchán agus earcaíocht.

Chun cur le cur chun feidhme níos comhsheasmhaí laistigh de líonra EURES, ba cheart go sonrófaí i ndlí an AE na seirbhísí tacaíochta atá le cur ar fáil do na cuardaitheoirí poist agus fostóirí sin a bhfuil suim acu cúnamh a fháil i dtaca le soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE. Cumhdaíonn Airteagail 20-23 an raon iomlán seirbhísí; ó fhaisnéis agus treoir bhunúsach, go dtí cúnamh níos pearsanta, lena n-áirítear i dtaca le slándáil shóisialta, agus cúnamh iar-earcaíochta.

Seirbhísí tacaíochta sonracha

Bíonn ceisteanna sonracha le réiteach ag oibrithe teorann maidir le slándáil shóisialta, cáin agus árachas agus, dá bhrí sin, bíonn cúnamh sonrach de dhíth orthu.

Féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann struchtúir a bhunú maidir le comhar agus seirbhísí i réigiúin trasteorann agus i gcás ina ndéanann siad amhlaidh, ní mór a áireamh sna seirbhísí tacaíochta d'oibrithe teorann a) ilréitigh i dtaca le cumarsáid faoi fholúntais, iarratais ar phost agus CVanna (Airteagal 15(6)); b) faisnéis bhunúsach spriocdhírithe (Airteagal 19(2)) agus c) i dtaca le slándáil shóisialta, rochtain chomhtháite ar líne (Airteagal 23(2)) agus cúnamh agus tarchur chuig na húdaráis inniúla (Airteagal 23(3)).

Is foirm shonrach amháin de na struchtúir tacaíochta sin comhpháirtíochtaí trasteorann. Faoi threoir SPFanna na mBallstát, féadfaidh siad na seirbhísí poiblí fostaíochta, fostóirí agus eagraíochtaí ceardchumainn, na húdaráis áitiúla agus institiúidí eile a bhíonn ag plé le fadhbanna fostaíochta agus gairmoiliúna sna réigiúin teorann a thabhairt le chéile, i gcnuasaigh comhpháirtíochta éagsúla, de réir riachtanais mhargadh an tsaothair sna réigiúin trasteorann. Is éard atá i réigiúin trasteorann atá i dteideal struchtúir tacaíochta shonraigh ceantair fostaíochta ina bhfuil leibhéil shuntasacha comaitéireachta trasteorann nó ina bhfuil sé soiléir go bhféadfadh a leithéid tarlú.

Rochtain neamh-idirdhealaitheach ar Bheartais Ghníomhacha Mhargadh an tSaothair

In Airteagal 24 leagtar síos an prionsabal nach mbeidh aon idirdhealú ann maidir le rochtain ar Bheartais Ghníomhacha Mhargadh an tSaothair idir náisiúnaigh a ghluaiseann laistigh de chríoch a dtíre féin agus náisiúnaigh a bhogann go Ballstáit eile (cothromaíocht i gcás soghluaisteachta amach). Is é sin comhthoradh Airteagal 5 de Rialachán 492/2011, ina bhforáiltear go bhfaighidh oibrithe a lorgaíonn fostaíocht i mBallstát an cúnamh céanna a thugtar do náisiúnaigh an Bhallstáit sin (cothromaíocht i gcás soghluaisteachta amach).

5.5. Caibidil V - An gaol le beartais soghluaisteachta

Sa chaibidil seo tugtar isteach an beart sonrach seo a leanas:

– tacú le feidhmiú líonra EURES trí mhalartú faisnéise maidir le ganntanas agus barrachas lucht saothair náisiúnta agus comhordú na mbeart ar fud na mBallstát. (Airteagail 25 go 30).

Tá na forálacha sa chaibidil seo i bhfabhar go sonrach cur le bailiú agus athbhreithniú na faisnéise, na sonraí agus na dtáscairí ag eagraíochtaí seachas na SPFanna, trí rannpháirtíocht Chomhpháirtithe EURES i líonra EURES.

Cuspóir iomlán an mhalartaithe faisnéise agus an tuairiscithe

Is é cuspóir iomlán na caibidle seo na socruithe atá ann cheana a neartú chun faisnéis a chomhroinnt i líonra EURES i gcás ina dtéann sí chun leas cháilíocht na gcomhthorthaí nithiúla nó chun leas chomhordú na mbeartas idir na Ballstáit.

Gníomhaíochtaí a bhaineann le malartú faisnéise

In Airteagal 25 glactar foráil arna haontú faoi chuimsiú na caibidlíochta i dtaca le Clár an AE um Athrú Sóisialta agus um Nuálaíocht Shóisialta. Ba cheart an méid sin a bheith ina chúnamh chun an obair a bhaineann le hanailísiú sonraí i ndáil le sreabhadh agus patrúin soghluaisteachta a chomhtháthú le hobair líonra EURES. Ós rud é go bhfuil an fhoráil sin níos oiriúnaí sa Rialachán maidir le EURES tá sé beartaithe an tAirteagal comhfhreagrach i gClár an AE um Athrú Sóisialta agus um Nuálaíocht Shóisialta a aisghairm (féach Airteagal 35).

Faoi Airteagal 26 tugtar isteach oibleagáid ar na Ballstáit faisnéis mhargadh an tsaothair atá ábhartha maidir le soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE a chomhroinnt. Leis sin

beidh na Ballstáit in ann na bearta laistigh de líonra EURES a nascadh leis an tuiscint níos leithne ar bheartais soghluaisteachta.

Is é is aidhm d'Airteagal 27 na heagraíochtaí uile laistigh de líonra EURES, i.e. na hOifigí um Chomhordú, na SPFanna agus Comhpháirtithe EURES eile, a spreagadh le faisnéis atá ar fáil maidir leis an gcás sa Bhallstát aonair a d'fhéadfadh a bheith úsáideach d'oibrithe a bhfuil suim acu i soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE a chomhroinnt go hoscailte agus go honnghníomhach. Go dtí seo, ní bhailíonn ach na hOifigí um Chomhordú an fhaisnéis sin agus cuireann siad ar thairseach EURES ina dhiaidh sin í. Rachaidh cur chuige níos cuimsithí ón mbun aníos chun an cineál sin faisnéise a bhailiú chun leasa oibrithe. D'fhéadfaí an toradh a chomhdhlúthú i dteimpléid arna gcomhaontú (Airteagal 27(3)).

In Airteagal 28 glactar an cur chuige maidir le cláreagrú ó Chinneadh 2012. Trí fhaisnéis a chomhroinnt maidir le gníomhaíochtaí atá beartaithe, acmhainní agus faireachán i measc Oifigí Náisiúnta um Chomhordú ba cheart go dtreiseofaí éifeachtacht líonra iomlán EURES. D'fhéadfadh sé go neartófaí sineirgí agus forbairt comhthionscadal sonrach earcaíochta.

Gníomhaíochtaí a bhaineann le tuairisciú

Le hAirteagal 29 bunaítear bealaí chun toradh líonra EURES a thomhas.

Is é is aidhm d'Airteagal 30 leanúint leis an gcur chuige a bunaíodh in Airteagal 17 de Rialachán 492/2011 tuairisc a thabhairt gach dhá bhliain i dtaca le cur chun feidhme Chaibidil II den Rialachán.

5.6. Caibidil VI - Forálacha críochnaitheacha

Déantar é a shoiléiriú in Airteagal 31 nach mór gach beart dá bhforáiltear sa Rialachán seo a dhéanamh i gcomhréir le dlí an AE maidir le cosaint sonraí pearsanta agus na bearta náisiúnta cur chun feidhme comhfhreagracha. Ós rud é gurb é an Coimisiún, ina ról mar Oifig Eorpach um Chomhordú, ceann de na gníomhaithe, ní mór Rialachán 45/2001 a chomhlíonadh freisin.

Déantar foráil in Airteagal 32 maidir le meastóireacht *ex post* ar thabhairt isteach an Rialacháin seo.

Is forálacha caighdeánacha iad Airteagal 33 agus Airteagal 34 i reachtaíocht thánaisteach an AE a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 290 agus Airteagal 291 den CFAE.

Sainaithnítear in Airteagal 35 na forálacha atá le haisghairm.

Leagtar béim in Airteagal 36 ar shocruithe idirthréimhseacha a bheith ann i gcomhréir le conarthaí aontachais. Tá an fhoráil sin infheidhme maidir leis an gCróit.

2014/0002 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta, rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 46 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialach na hEorpa[17],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[18],

Tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Saoirse bhunúsach atá ag saoránaigh an Aontais agus crann taca don mhargadh inmheánach san Aontas í saorghluaiseacht lucht saothair atá cumhdaithe in Airteagal 45 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('an Conradh'). Cuirtear lena cur chun feidhme trí bhíthin dhlí an Aontais arb é is aidhm dó feidhmiú iomlán na gceart a thugtar do shaoránaigh an Aontais agus dá muintir a urramú.

(2) Is gné lárnach í saorghluaiseacht lucht saothair i ndáil le margadh saothair an Aontais atá níos cuimsithí a fhorbairt ionas gur féidir le hoibrithe gluaiseacht ó cheantair ina bhfuil ráta ard dífhostaíochta go dtí ceantair ina bhfuil ganntanas lucht saothair. Bíonn sí ina cúnamh freisin chun na scileanna cearta a aimsiú d'fholúntais agus dul i ngleic le bacainní i margadh an tsaothair.

(3) Le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse gluaiseachta d’oibrithe laistigh den Aontas (téacs códaithe)[19] bunaíodh sásraí le haghaidh imréitigh agus malartú faisnéise agus tá forálacha leagtha síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2012/733/AE ón gCoimisiún an 26 Samhain 2012 maidir le feidhmiú líonra dar teideal EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta) i gcomhréir leis an Rialachán sin. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat reachtach sin chun patrúin nua soghluaisteachta, ceanglais fheabhsaithe maidir le soghluaisteacht chothrom, athruithe ar an teicneolaíocht chun sonraí faoi fholúntais a chomhroinnt, úsáid bealaí éagsúla earcaíochta ag lucht

[17] IO C , , Lch. .
[18] IO C , , Lch. .
[19] IOAE, 27.5.2011, L141, lch. 1

cuardaigh fostaíochta agus ag fostóirí agus ról méadaitheach bróicéirí eile sa mhargadh saothair a léiriú le taobh na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta ('SPFanna') i dtaca le seirbhísí earcaíochta a chur ar fáil.

(4) D'fhonn cabhrú leis na hoibrithe a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu an ceart sin a fheidhmiú go héifeachtach, tá cúnamh i gcomhréir leis an Rialachán atá ann faoi láthair ar fáil d'aon náisiúnach de chuid an Aontais a bhfuil an ceart aige a bheith ina dhuine fostaithe agus dá mhuintir, i gcomhréir le hAirteagal 45 den Chonradh. Tabharfaidh na Ballstáit an rochtain chéanna d'aon náisiúnach de chuid tríú tír agus an chothromaíocht chéanna dó, de réir dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta, a thugtar dá náisiúnaigh féin sa réimse sin.

(5) Mar gheall ar an idirspleáchas idir na margaí saothair atá ag dul i méid tá gá le comhar neartaithe idir sheirbhísí fostaíochta chun saoirse gluaiseachta a bhaint amach do gach oibrí trí shoghluaisteacht dheonach chothrom laistigh den Aontas i gcomhréir le hAirteagal 46(a) den Chonradh agus, dá bhrí sin, ba cheart creat comhchoiteann le haghaidh comhair a bhunú idir na Ballstáit agus an Coimisiún maidir le soghluaisteacht lucht saothair laistigh den Aontas. Faoin gcreat sin ba cheart folúntais ar fud an Aontais a thabhairt le chéile agus a bheith in ann cur isteach ar na folúntais sin ('imréiteach'), soláthar seirbhísí tacaíochta lena mbaineann d'oibrithe agus fostóirí a shainiú agus foráil a dhéanamh maidir le cur chuige comhchoiteann chun faisnéis is gá a chomhroinnt chun an comhar sin a éascú.

(6) Sa ‘Chomhshocrú le haghaidh Fáis agus Post’, d'iarr an Chomhairle Eorpach go mbreathnófaí ar líonra EURES a fhairsingiú go dtí printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna; is féidir printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna a chumhdach faoin Rialachán seo, ar choinníoll go mbreathnaítear ar na daoine lena mbaineann mar oibrithe de réir na gceart a thugtar do shaoránaigh faoi Airteagal 45 den Chonradh. Is gá malartú oiriúnach i dtaca le faisnéis ghinearálta faoi shoghluaisteacht do phrintíseachtaí agus tréimhsí oiliúna laistigh den Aontas a thabhairt isteach agus ba cheart cúnamh leordhóthanach do na hiarrthóirí ar na folúntais sin a fhorbairt, bunaithe ar shásra le haghaidh imréitigh tairiscintí, a luaithe a mheastar imréiteach den chineál sin a bheith indéanta i gcomhréir leis na caighdeáin iomchuí agus aird chuí ar inniúlachtaí na mBallstát.

(7) Tá gá le cur i bhfeidhm níos comhleanúnaí ar fud an Aontais i dtaca le himréiteach, seirbhísí tacaíochta agus malartú faisnéise faoi shoghluaisteacht lucht saothair laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, ní mór líonra EURES a bhunú mar chuid lárnach den chreat comhchoiteann le haghaidh comhair idir na Ballstáit agus an Coimisiún. Ba cheart róil agus freagrachtaí na n-eagraíochtaí éagsúla atá rannpháirteach sa líonra, amhail an Coimisiún Eorpach ('an Oifig Eorpach um Chomhordú'), na comhlachtaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit chun bearta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ('na hOifigí Náisiúnta um Chomhordú') agus na heagraíochtaí a chabhraíonn le cuardaitheoirí poist agus fostóirí ('Comhpháirtithe EURES'), a chinneadh.

(8) Dhéanfaí an comhar trasnáisiúnta agus trasteorann agus an tacaíocht do gach eagraíocht atá ag oibriú d'EURES sna Ballstáit a éascú le struchtúr ar leibhéal an Aontais ('an Oifig Eorpach um Chomhordú') faoinar cheart faisnéis, gníomhaíochtaí oiliúna, uirlisí agus treoir atá coiteann a thabhairt. Ba cheart an struchtúr a bheith freagrach as an 'tairseach Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile' (tairseach EURES), an t-ardán coiteann TF, a fhorbairt. Chun an obair a threorú, ba cheart cláir oibre ilbhliantúla a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit.

(9) Ba cheart do na Ballstáit Oifigí um Chomhordú a bhunú ar an leibhéal náisiúnta chun tacaíocht ghinearálta agus cúnamh ginearálta a thabhairt do gach eagraíocht ina gcríoch atá ag oibriú d'EURES agus tacú leis an gcomhar lena gcontrapháirteanna sna Ballstáit eile agus leis an Oifig Eorpach um Chomhordú. Go háirithe, ba cheart an cúram a bheith ar na hOifigí um Chomhordú sin déileáil le gearáin agus fadhbanna maidir le folúntais, agus ba cheart dóibh ceisteanna faoi chomhlíonadh a fhíorú i dtaca le soghluaisteacht lucht saothair atá deonach agus cothrom laistigh den Aontas.

(10) Cuireann rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i líonra EURES go háirithe leis an anailís ar bhacainní ar an tsoghluaisteacht chomh maith le cur chun cinn soghluaisteachta lucht saothair atá deonach agus cothrom laistigh den Aontas, lena n-áirítear i réigiúin trasteorann. Dá bhrí sin, ba cheart d'ionadaithe comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais a bheith rannpháirteach i struchtúr rialachais líonra EURES ar an iomlán, agus féadfaidh eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn náisiúnta iarratas a dhéanamh a bheith ina gComhpháirtí de chuid EURES.

(11) Ba cheart comhdhéanamh líonra EURES i dtaca le heagraíochtaí eile seachas na heagraíochtaí thuasluaite a bheith solúbtha chun oiriúnú d'fhorbairtí atá ag athrú ar an margadh do sheirbhísí earcaíochta. Tugann teacht chun cinn seirbhísí fostaíochta éagsúla i dteannta ról athmhúnlaithe na SPFanna a bhaineann le seirbhísí náisiúnta earcaíochta le fios gó bhfuil gá le hiarracht chomhbheartaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún Eorpach chun líonra EURES a fhairsingiú mar phríomhuirlis an Aontais a chuireann seirbhísí earcaíochta ar fáil laistigh den Aontas.

(12) Tá sochair shóisialta, eacnamaíocha agus airgeadais ag baint le ballraíocht níos leithne líonra EURES. Cuirtear feabhas ar an éifeachtúlacht i soláthar seirbhísí trí chomhpháirtíochtaí a éascú, comhlántacht a fheabhsú agus feabhsuithe ar cháilíocht. Méadaítear scair an mhargaidh atá ag líonra EURES freisin sa chaoi go gcuireann baill nua folúntais, iarratais ar phost agus curriculum vitae ('CVanna') ar fáil. Le comhar trasnáisiúnta agus trasteorann, atá ina ghné lárnach d'oibriú líonra EURES, d'fhéadfaí foirmeacha nuálacha foghlama agus comhair idir sheirbhísí fostaíochta a ghiniúint, lena n-áirítear i dtaca le caighdeáin cáilíochta d'fholúntais agus seirbhísí tacaíochta. Dá bhrí sin, chuirfí le hábharthacht líonra EURES mar cheann de phríomhuirlisí an Aontais atá ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach chun tacú le bearta nithiúla i dtreo ardleibhéil fostaíochta laistigh den Aontas.

(13) I gcomhréir lena n-inniúlachtaí maidir le heagrú na margaí saothair, ba cheart do na Ballstáit féin a bheith freagrach as rannpháirtíocht eagraíochtaí a údarú mar chomhpháirtithe EURES do líonra EURES, gach ceann acu freagrach as a gcríoch féin. Ba cheart na húdaruithe a bheith faoi réir íoschritéar comhchoiteann agus sraith teoranta rialacha bunúsacha maidir leis an bpróiseas údarúcháin, chun trédhearcacht agus comhdheiseanna nuair atáthar ag dul isteach i líonra EURES a áirithiú, gan dochar don tsolúbthacht is gá chun na samhlacha agus foirmeacha éagsúla náisiúnta comhair idir na seirbhísí poiblí fostaíochta agus gníomhaithe eile sa mhargadh saothair sna Ballstáit a chur san áireamh.

(14) Ceann de chuspóirí líonra EURES tacú le soghluaisteacht lucht saothair chothrom laistigh den Aontas agus, dá bhrí sin, ba cheart go n-áireofaí sna híoschritéir chomhchoiteanna le haghaidh eagraíochtaí a údarú dul isteach sa líonra an ceanglas go dtiomnaíonn na heagraíochtaí sin aird iomlán a thabhairt ar chaighdeáin saothair agus ceanglais dhlíthiúla is infheidhme.

(15) Chun cothromaíocht cheart idir feidhmiú reatha líonra EURES, atá bunaithe ar chomhar fadtéarmach i measc SPFanna, agus an cuspóir a bhaineann le líonra EURES

a fhairsingiú go dtí eagraíochtaí nua, ba cheart forálacha a dhéanamh chun suíomh sonrach na SPFanna i líonra EURES a shainaithint. Ba cheart idirthréimhse a thabhairt isteach agus ina diaidh bheadh rannpháirtíocht na SPFanna faoi réir chur i bhfeidhm iomlán na n-íoschritéar comhchoiteann freisin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann na SPFanna na híoschritéir chomhchoiteanna agus na hoibleagáidí faoin Rialachán.

(16) Chun faisnéis iontaofa, cothrom le dáta a thabhairt d'oibrithe agus fostóirí faoi na gnéithe éagsúla de shoghluaisteacht lucht saothair laistigh den Aontas, ba cheart líonra EURES oibriú i gcomhar le comhlachtaí, seirbhísí agus líonraí de chuid an Aontais a éascaíonn soghluaisteacht agus a chuireann saoránaigh ar an eolas faoina gcearta faoi dhlí an Aontais, amhail an tairseach phost, Tairseach Eorpach na hÓige agus SOLVIT, na heagraíochtaí atá freagrach as cáilíochtaí gairmiúla a aithint agus na comhlachtaí atá freagrach as cothromaíocht d'oibrithe a chur chun cinn, anailís agus faireachán a dhéanamh uirthi agus tacú léi, arna n-ainmniú i gcomhréir le Treoir ../2013 (AE) ó [Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta lena n-éascaítear na cearta arna dtabhairt d'oibrithe a fheidhmiú i gcomhthéacs saoirse gluaiseachta d'oibrithe].

(17) I dtaca leis an gceart chun saoirse gluaiseachta is gá na modhanna a bhunú chun tacú le himréiteach, is é sin le rá, folúntais, iarratais ar phost agus CVanna a mhalartú, ionas go mbeidh rochtain iomlán ag idir oibrithe agus fhostóirí ar an margadh saothair i gcomhréir le hAirteagal 46(d) den Chonradh agus, dá bhrí sin, ba cheart ardán coiteann TF a bhunú ar leibhéal an Aontais agus ba cheart don Choimisiún a bheith ina bhun. Má urramaítear an ceart sin tabharfar de chumhacht d'oibrithe rochtain a fháil ar na deiseanna fostaíochta uile ar fud an Aontais.

(18) Maidir leis an ardán coiteann TF, lena dtugtar folúntais le chéile agus an deis chun cur isteach ar na folúntais sin, trína féidir le cuardaitheoirí poist agus fostóirí sonraí a mheaitseáil go huathoibríoch de réir critéar agus leibhéal éagsúil, ba cheart go ndéanfaí éascaíocht leis ar chothromaíocht a bhaint amach ar mhargaí saothair an Aontais rud a chruthódh leibhéal ard fostaíochta agus a bheadh ina chúnamh chun bagairtí tromchúiseacha ar an gcaighdeán maireachtála agus na leibhéil fostaíochta sna réigiúin agus tionscail éagsúla a sheachaint.

(19) Tá an fhreagracht dhlíthiúil maidir le cáilíocht intreach agus theicniúil na faisnéise arna cur ar fáil don ardán coiteann TF, go háirithe i dtaca le sonraí folúntas, ar na heagraíochtaí a chuireann an fhaisnéis ar fáil i gcomhréir le dlí na mBallstát agus/nó laistigh de na caighdeáin arna leagan síos ag na Ballstáit. Ba cheart don Choimisiún comhar a éascú ionas gur féidir aon chalaois nó mí-úsáid a bhaineann le malartú faisnéise ar an leibhéal Eorpach a bhrath go luath.

(20) Tá córas coiteann aicmithe i dtaca le scileanna, inniúlachtaí, cáilíochtaí agus gairmeacha beatha ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí lenar féidir iarratais ar phost a dhéanamh ar líne san Aontas agus, dá bhrí sin, is gá comhar a fhorbairt idir na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach chun idir-inoibritheacht agus meaitseáil uathoibrithe fhóinteach thar theorainneacha a bhaint amach, lena n-áirítear na córais choiteanna aicmithe a chur i gcomparáid leis na córais náisiúnta aicmithe. Ba cheart formáidí agus uirlisí Eorpacha bunaithe eile le haghaidh inchomparáideacht agus trédhearcacht scileanna agus cáilíochtaí, amhail an Creat Eorpach um Cháilíochtaí agus an creat aonair le haghaidh trédhearcacht cáilíochtaí agus inniúlachtaí (Europass) a úsáid sa chomhthéacs sin.

(21) Ba cheart cur chuige comhchoiteann i leith na seirbhísí a chuireann na heagraíochtaí atá rannpháirteach i líonra EURES ar fáil (‘seirbhísí tacaíochta’) a bhunú agus ba cheart prionsabal na cothromaíochta d’oibrithe agus fostóirí a lorgaíonn cúnamh maidir le soghluaisteacht lucht saothair laistigh den Aontas, is cuma cén áit a bhfuil siad san Aontas, a urramú a mhéad is féidir agus, dá bhrí sin, ba cheart prionsabail agus rialacha a bhunú maidir le seirbhísí tacaíochta a bheith ar fáil i gcríoch na mBallstát aonair. Cumhdaítear sa chur chuige comhchoiteann sin freisin printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna a mbreathnaítear orthu mar obair.

(22) Téann rogha níos leithne agus níos cuimsithí de chúnamh maidir le deiseanna gluaisteachta lucht saothair laistigh den Aontas chun leasa oibrithe, agus tá sí riachtanach chun acmhainneacht líonra EURES a fheabhsú chun tacaíocht a thabhairt d’oibrithe trína saol oibre uile, lena n-urramaítear a n-aistrithe agus a ngairmeacha beatha.

(23) Beidh na seirbhísí tacaíochta ina gcúnamh chun na bacainní a bhíonn ar chuardaitheoirí poist agus a gcearta oibrithe faoi dhlí an Aontais á bhfeidhmiú acu a laghdú agus chomh maith leis chun na deiseanna fostaíochta a thapú ar bhealach níos éifeachtúla ionas gur féidir leo cur lena n-ionchais fostaíochta.

(24) Rachadh tuiscint dhomhain ar an éileamh ar shaothar i dtaobh gairmeacha beatha, earnálacha agus riachtanas fostóirí chun leas an chirt chun saorghluaiseachta oibrithe laistigh den Aontas agus, dá bhrí sin, ba cheart cúnamh ar cháilíocht mhaith d'fhostóirí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, a chur san áireamh sna seirbhísí tacaíochta. Má bhíonn dlúthchaidreamh oibre idir seirbhísí fostaíochta agus fostóirí beidh méadú ar líon na bhfolúntas a thagann chun cinn agus ar mheaitseáil iarrthóirí oiriúnacha le post, urramófar bealaí do chuardaitheoirí poist, go háirithe iad siúd i ngrúpaí leochaileacha, agus beidh feabhas ar fhaisnéis mhargadh an tsaothair.

(25) Ba cheart na seirbhísí tacaíochta atá le fáil i ngach Ballstát a shainiú ar bhonn an chomhdhearcaidh atá ag teacht chun cinn i leith dhea-chleachtais na mBallstát le haghaidh faisnéise, comhairleoireachta agus comhairle do chuardaitheoirí poist agus fostóirí.

(26) Tá seirbhísí tacaíochta d'oibrithe ceangailte le feidhmiú a saoirse gluaiseachta bunúsaí mar oibrithe faoi dhlí an Aontais agus ba cheart iad a bheith saor in aisce. Mar sin féin, d'fhéadfadh seirbhísí tacaíochta d'fhostóirí a bheith faoi réir táille, i gcomhréir leis na cleachtais náisiúnta.

(27) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thacú le soghluaisteacht sna réigiúin trasteorann agus seirbhísí a chur ar fáil d'oibrithe teorann a bhfuil cónaí orthu i mBallstát amháin agus atá ag obair i mBallstát eile agus a mbíonn orthu dul i ngleic le cleachtais náisiúnta agus córais dlí éagsúla agus a thagann ar bhacainní sonracha riaracháin, dlíthiúla nó cánach ar shoghluaisteacht. Féadfaidh na Ballstáit an cinneadh a dhéanamh struchtúir shonracha tacaíochta a bhunú chun an cineál soghluaisteachta sin a éascú; ba cheart aghaidh a thabhairt leis na struchtúir sin ar na riachtanais shonracha i ndáil le faisnéis, treoir, meaitseáil trasteorann idir an t-éileamh ar shaothar agus an soláthar saothair agus na socrúcháin dá bharr.

(28) Is réamhchoinníollacha le haghaidh soghluaisteachta lucht saothair laistigh den Aontas trédhearcacht margaí saothair agus acmhainní leordhóthanacha meaitseála. Is féidir cothromaíocht níos fearr idir soláthar saothair agus éileamh ar shaothar a bhaint amach trí chóras éifeachtúil ar leibhéal an Aontais le haghaidh malartú faisnéise maidir le ganntanas agus barrachas lucht saothair náisiúnta agus earnála; ba cheart córas mar sin

a bhunú idir na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach agus é a úsáid mar bhonn do na Ballstáit chun a mbeartais soghluaisteachta a fhorbairt agus taca a chur faoin gcomhar praiticiúil laistigh de líonra EURES.

(29) Tá dlúthbhaint idir saoirse gluaiseachta d'oibrithe agus leibhéil arda fostaíochta agus, dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit beartais soghluaisteachta a fhorbairt chun tacú le feidhmiú níos fearr na margaí saothair san Aontas. Ba cheart breathnú ar bheartais soghluaisteachta na mBallstát mar chuid lárnach dá mbeartais shóisialta agus fostaíochta.

(30) Ba cheart timthriall cláreagraithe a bhunú chun tacú le comhordú na mbeart i dtaca le soghluaisteacht laistigh den Aontas. Chun críche éifeachtachta, ba cheart aird a thabhairt i gcláreagrú phleananna gníomhaíochta na mBallstát ar shonraí faoi shreabhadh agus patrúin soghluaisteachta, anailísiú sonraí ar ghanntanas agus barrachas saothair atá ann cheana agus atá tuartha, agus taithí agus cleachtais earcaíochta faoi líonra EURES; ba cheart a chuimsiú ann athbhreithniú ar na hacmhainní agus na huirlisí atá ann cheana atá le fáil ag eagraíochtaí sa Bhallstát chun soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE a éascú.

(31) Trí dhréachtphleananna gníomhaíochta faoin timthriall cláreagraithe a chomhroinnt i measc na mBallstát ba cheart na hOifigí Náisiúnta um Chomhordú, agus iad ag gníomhú thar ceann na mBallstát, i dteannta na hOifige Eorpaí um Chomhordú, a bheith in ann acmhainní líonra EURES a dhíriú ar bhearta agus tionscadail iomchuí, agus, dá bhrí sin, forbairt líonra EURES a stiúradh mar uirlis atá dírithe níos mó ar thoradh a bhaint amach agus a thugann aird ar riachtanais oibrithe de réir dhinimicí na margaí saothair.

(32) D'fhonn faisnéis leordhóthanach a fháil chun torthaí líonra EURES a thomhas, ba cheart táscairí coiteanna a bhunú. Ba cheart na táscairí sin a bheith ina gcúnamh ag eagraíochtaí atá rannpháirteach i líonra EURES chun a dtorthaí a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis na cuspóirí atá leagtha síos do líonra EURES ina iomláine, lena n-áirítear a bhfuil déanta aige le haghaidh cur chun feidhme straitéise comhordaithe don fhostaíocht i gcomhréir le hAirteagal 145 den Chonradh.

(33) I gcás ina mbíonn próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ní mór iad a dhéanamh i gcomhréir le dlí an AE maidir le cosaint sonraí pearsanta[20] chomh maith leis na bearta náisiúnta cur chun feidhme.

(34) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a dtugtar aitheantas dóibh go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(35) Ós rud nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo – eadhon creat comhchoiteann le haghaidh comhair idir na Ballstáit a bhunú chun folúntais a thabhairt le chéile agus a bheith in ann cur isteach ar na folúntais sin agus chun éascaíocht a dhéanamh ar chothromaíocht a bhaint amach idir soláthar agus éileamh sa mhargadh fostaíochta – a bhaint amach go leordhóthanach, agus, dá bhrí sin, de bharr scála agus

[20] Go háirithe Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31) agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

éifeacht an bhirt, gur féidir é a bhaint amach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(36) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun a áirithiú gur féidir na hoibleagáidí arna bhforchur ar na Ballstáit maidir le húdarú eagraíochtaí chun dul isteach i líonra EURES mar Chomhpháirtithe EURES agus maidir le soláthar táscairí coiteanna i dtaca le feidhmiú na n-eagraíochtaí sin a leasú i bhfianaise na taithí a fuarthas lena gcur i bhfeidhm nó chun riachtanais atá ag teacht chun cinn ar an margadh saothair a chur san áireamh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(37) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha le haghaidh chur chun feidhme na gcaighdeán teicniúil agus na bhformáidí is infheidhme maidir le himréiteach agus meaitseáil uathoibrithe a áirithiú chomh maith leis na samhlacha agus nósanna imeachta chun faisnéis a chomhroinnt idir na Ballstáit, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1
Ábhar

1. Is é is aidhm don Rialachán seo éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú na saoirse gluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas i gcomhréir le hAirteagal 45 den CFAE, trí chreat comhchoiteann le aghaidh comhair idir na Ballstáit agus an Coimisiún a bhunú.

2. Chun críche na chéad mhíre, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le cuspóirí, prionsabail agus rialacha i ndáil le

   (a) comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún i dtaca le sonraí a chomhroinnt maidir le folúntais, iarratais ar phost agus CVanna agus i dtaca le socrúcháin oibrithe i bpoist a bhíonn mar thoradh orthu;

   (b) bearta ó na Ballstáit agus bearta a dhéantar eatarthu chun éascaíocht a dhéanamh ar chothromaíocht a bhaint amach idir soláthar agus éileamh i margadh saothair an Aontais, d'fhonn leibhéal ard fostaíochta a chur chun cinn;

   (c) feidhmiú líonra Eorpaigh seirbhísí fostaíochta idir na Ballstáit agus an Coimisiún;

(d) seirbhísí tacaíochta soghluaisteachta lena mbaineann atá le cur ar fáil d'oibrithe agus fostóirí.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) is iad na "seirbhísí poiblí fostaíochta" eagraíochtaí na mBallstát, mar chuid d'aireachtaí ábhartha, comhlachtaí poiblí nó corparáidí a thagann faoin dlí poiblí, atá freagrach as beartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair a chur chun feidhme agus seirbhísí fostaíochta chun leas an phobail a chur ar fáil;

(b) ciallaíonn "seirbhísí fostaíochta" aon duine dlítheanach nó nádúrtha, atá ag oibriú go dleathach i mBallstát, a chuireann seirbhísí ar fáil do chuardaitheoirí poist chun fostaíocht a fháil agus d'fhostóirí chun oibrithe a earcú;

(c) ciallaíonn "folúntas" aon tairiscint fostaíochta, lena n-áirítear printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna a mbreathnaítear orthu mar obair;

(d) ciallaíonn "imréiteach" an malartú faisnéise agus an phróiseáil ar fholúntais, iarratais ar phost agus CVanna;

(e) ciallaíonn "ardán coiteann TF" an bonneagar TF agus ardáin lena mbaineann arna mbunú ar an leibhéal Eorpach chun críche imréitigh;

(f) ciallaíonn "socrúchán" a dhéanann seirbhísí fostaíochta oibrí le fostóir nó "earcú" oibrí d'fhostóir an soláthar seirbhísí chun idirghabháil a dhéanamh idir soláthar agus éileamh d'fhonn folúntas a líonadh;

(g) ciallaíonn "oibrí teorann" aon oibrí a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe i mBallstát agus atá ag cur faoi i mBallstát eile a bhfilleann sé air gach lá nó uair sa tseachtain ar a laghad de ghnáth.

CAIBIDIL II
LÍONRA EURES A BHUNÚ

Airteagal 3
Bunú

Bunaítear líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta ('líonra EURES') leis an Rialachán seo.

Airteagal 4
Comhdhéanamh, róil agus comhfhreagrachtaí

1. Tá líonra EURES comhdhéanta de na catagóirí eagraíochtaí seo a leanas:

(a) An Coimisiún Eorpach, atá freagrach as cabhair a thabhairt do líonra EURES a chuid gníomhaíochtaí a dhéanamh, tríd an 'Oifig Eorpach um Chomhordú';

(b) Baill EURES, na comhlachtaí arna gceapadh ag an mBallstát atá freagrach as an Rialachán seo a chur i bhfeidhm sa Bhallstát sin, i.e. na 'hOifigí Náisiúnta um Chomhordú';

(c) Comhpháirtithe EURES, na heagraíochtaí atá údaraithe ag na Ballstáit chun tacaíocht le himréiteach a sholáthar ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus/nó áitiúil agus/nó seirbhísí tacaíochta a sholáthar d'oibrithe agus d'fhostóirí.

2. I gcomhréir lena róil agus freagrachtaí faoi seach, déanann gach eagraíocht atá rannpháirteach i líonra EURES na deiseanna a chuireann soghluaisteacht lucht saothair san Aontas ar fáil a chur chun cinn go gníomhach agus i ndlúthchomhar lena chéile, agus tá sé mar aidhm acu bealaí agus modhanna lena mbainfidh oibrithe agus fostóirí tairbhe as na deiseanna sin a fheabhsú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach.

Airteagal 5
Cuspóirí

Rannchuidíonn líonra EURES leis na cuspóirí seo a leanas:

(a) feidhmiú na gceart arna mbronnadh faoi Airteagal 45 den CFAE agus faoi fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse gluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas[21] a éascú;

(b) cur chun feidhme na straitéise comhordaithe fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 145 den CFAE;

(c) feidhmiú agus comhtháthú níos fearr ar na margaí saothair san Aontas;

(d) méadú ar shoghluaisteacht gheografach agus ghairmiúil ar bhonn deonach cothrom san Aontas;

(e) cuimsiú sóisialta agus comhtháthú na ndaoine atá eisiata ón margadh saothair.

Airteagal 6
Freagrachtaí na hOifige Eorpaí um Chomhordú

1. Glacann an Oifig Eorpach um Chomhordú chuici féin na nithe seo a leanas, go háirithe, a sholáthar:

   (a) creat comhleanúnach a cheapadh agus tacaíocht chothrománach a sholáthar chun leasa líonra EURES, lena n-áirítear:

   (i) tairseach Eorpach um shoghluaisteacht ó phost go chéile, 'tairseach EURES', agus seirbhísí TF gaolmhara, a oibriú agus a fhorbairt, lena n-áirítear córais agus nósanna imeachta chun malartú a dhéanamh ar fholúntais, iarratais ar phost, CVanna agus doiciméid tacaíochta amhail pasanna scileanna agus a leithéidí, agus faisnéis eile, i gcomhar le seirbhísí nó líonraí faisnéise nó comhairleacha, agus tionscnaimh ábhartha eile, an Aontais;

   (ii) gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;

   (iii) clár oiliúna coiteann d'fhoireann EURES;

   (iv) líonrú, malartú dea-chleachtais agus foghlaim fhrithpháirteach a éascú laistigh de líonra EURES;

   (b) anailís ar shoghluaisteacht gheografach agus ghairmiúil;

   (c) creat oiriúnach um chomhar agus imréiteach a fhorbairt laistigh den Aontas maidir le printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna, i gcomhréir leis an Rialachán seo;

[21] IOAE, 27.5.2011, L141/1

(d) faireachán agus meastóireacht ar ghníomhaíochtaí EURES agus ar a fheidhmíocht fostaíochta, i gcomhar le Baill EURES.

2. Déantar a chláir oibre ilbhliantúla a tharraingt suas i gcomhairliúchán le Grúpa um Chomhordú EURES dá dtagraítear in Airteagal 11.

Airteagal 7
Freagrachtaí na nOifigí Náisiúnta um Chomhordú

1. Beidh gach Oifig Náisiúnta um Chomhordú freagrach as:

(a) comhar leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit eile maidir leis an imréiteach laistigh den chreat atá leagtha amach i gCaibidil III;

(b) obair a eagrú do EURES sa Bhallstát, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta a sholáthar i gcomhréir le Caibidil IV;

(c) comhordú bhearta an Bhallstáit lena mbaineann agus le Ballstáit eile i gcomhréir le Caibidil V.

2. Is é an Oifig Náisiúnta um Chomhordú freisin a eagraíonn cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tacaíochta cothrománacha arna soláthar ag an Oifig Eorpach um Chomhordú ar an leibhéal náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 6, i ndlúthchomhar leis an Oifig Eorpach um Chomhordú agus le hOifigí Náisiúnta um Chomhordú eile nuair is iomchuí. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí tacaíochta cothrománacha, go háirithe:

(a) chun críche foilsithe, lena n-áirítear ar thairseach EURES, bailiú agus fíorú na faisnéise maidir le Comhpháirtithe EURES atá ag oibriú óna chríoch náisiúnta, a gcuid gníomhaíochtaí agus raon feidhme na seirbhísí tacaíochta arna soláthar acu d'oibrithe agus d'fhostóirí;

(b) soláthar na ngníomhaíochtaí réamhoiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí EURES, roghnú na foirne a bheidh rannpháirteach sa chlár oiliúna coiteann agus i ngníomhaíochtaí foghlama frithpháirteacha;

(c) bailiú agus anailísiú ar na sonraí a bhaineann le hAirteagal 28 agus le hAirteagal 29.

3. Chun críche foilsithe, lena n-áirítear ar thairseach EURES, déanann an Oifig Náisiúnta um Chomhordú, chun tairbhe oibrithe agus fostóirí, an fhaisnéis agus an treoir atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta maidir leis na nithe seo a leanas a fhíorú, a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus a scaipeadh go tráthúil:

(a) dálaí maireachtála agus oibre;

(b) nósanna imeachta riaracháin i ndáil le fostaíocht;

(c) na rialacha is infheidhme maidir le hoibrithe;

(d) printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna;

(e) más infheidhme, cás na n-oibrithe teorann, go háirithe i réigiúin thrasteorann.

Más iomchuí, féadfaidh an Oifig Náisiúnta um Chomhordú an fhaisnéis a fhíorú agus a scaipeadh i gcomhar le seirbhísí agus líonraí faisnéise agus comhairleacha eile agus le comhlachtaí náisiúnta ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 5 de Threoir 2013/.../AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle maidir le bearta lena n-éascaítear feidhmiú na gceart arna mbronnadh ar oibrithe i gcomhthéacs shaoirse gluaiseachta d'oibrithe.[22]

4. Cuireann an Oifig Náisiúnta um Chomhordú tacaíocht ghinearálta ar fáil do na heagraíochtaí atá rannpháirteach i líonra EURES laistigh dá críoch féin i dtaca le comhoibriú lena gcontrapháirtithe EURES i mBallstáit eile. Cuimsíonn sé sin tacaíocht má dhéantar gearán a bhaineann le folúntais agus earcaíocht EURES, chomh maith le comhar leis na húdaráis phoiblí amhail cigireachtaí saothair.

5. Cuireann an Oifig Náisiúnta um Chomhordú comhoibriú le geallsealbhóirí chun cinn, geallsealbhóirí amhail seirbhísí gairmthreorach, ollscoileanna, ionaid tráchtála agus eagraíochtaí atá rannpháirteach i scéimeanna printíseachtaí agus i dtréimhsí oiliúna.

6. Áirithíonn gach Ballstát go bhfaighidh a Oifig Náisiúnta um Chomhordú féin an fhoireann agus na hacmhainní eile atá riachtanach chun a cúraimí mar a shainítear iad faoin Rialachán seo a dhéanamh.

7. Beidh comhordaitheoir náisiúnta, a bheidh ina bhall den ghrúpa um Chomhordú dá dtagraítear in Airteagal 11, i gceannas ar an Oifig Náisiúnta um Chomhordú.

Airteagal 8
Údarú Chomhpháirtithe EURES

1. Bunóidh gach Ballstát córas chun Comhpháirtithe EURES a údarú le bheith rannpháirteach i líonra EURES agus chun faireachán a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí agus go gcomhlíonann siad dlíthe náisiúnta agus dlíthe an Aontais agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu. Beidh an córas seo trédhearcach, comhréireach agus déanfaidh sé prionsabail na córa comhionainne, chomh maith le próiseas cuí dlí, a urramú d'eagraíochtaí is iarratasóirí.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Oifig Eorpach um Chomhordú ar an eolas maidir leis na córais náisiúnta atá curtha ar bun acu agus maidir le Comhpháirtithe EURES ar thug siad údarú dóibh a bheith rannpháirteach i líonra EURES.

3. Féadfaidh aon sheirbhís fostaíochta atá ag oibriú go dleathach i mBallstát iarraidh a bheith rannpháirteach i líonra EURES sa Bhallstát sin mar Chomhpháirtí EURES, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos sa Rialachán seo agus faoi réir an chórais arna bhunú ag an mBallstát sin.

4. Déantar Comhpháirtithe EURES a údarú le bheith rannpháirteach i líonra EURES i gcomhréir leis na híoschritéir chomhchoiteanna atá leagtha síos san Iarscríbhinn.

5. Tá na híoschritéir chomhchoiteanna gan dochar do chritéir nó ceanglais bhreise a chuirfidh an Ballstát i bhfeidhm a mheasann an Ballstát a bheith riachtanach ar mhaithe leis na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí na seirbhísí fostaíochta a chur i bhfeidhm i gceart agus ar mhaithe le bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar bheartais an mhargaidh saothair ar a chríoch náisiúnta. D'fhonn trédhearcacht a áirithiú, tá critéir agus ceanglais den sórt sin ina chuid lárnach den chóras dá dtagraítear i mír 1.

6. Féadfaidh Comhpháirtithe EURES dul i mbun rannpháirtíochta le Comhpháirtithe EURES eile nó le heagraíochtaí eile le go gcomhlíonfaidh siad na critéir atá san Iarscríbhinn le chéile. I gcásanna den sórt sin, is coinníoll bhreise den rannpháirtíocht i líonra EURES í go leanfaidh comhpháirtíocht oiriúnach ar aghaidh.

[22] COM (2013) 236 final

7. D'fhonn an Iarscríbhinn a leasú, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 33.

8. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, teimpléad a ghlacadh don tuairisc ar an gcóras náisiúnta agus do na nósanna imeachta maidir le faisnéis faoi na córais náisiúnta a chomhroinnt idir na Ballstáit. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Airteagal 9
Freagrachtaí Chomhpháirtithe EURES

1. Féadfaidh eagraíochtaí is iarratasóirí roghnú a bheith rannpháirteach i líonra EURES i gcomhréir leis na roghanna seo a leanas:

   (a) le rannchuidiú le líon na bhfolúntas i gcomhréir le hAirteagal 14(1), mír (a);

   (b) le rannchuidiú le líon na n-iarratas ar phost agus na CVanna i gcomhréir le hAirteagal 14(1), mír (b);

   (c) le seirbhísí tacaíochta a sholáthar d'oibrithe agus d'fhostóirí i gcomhréir le Caibidil IV nó

   (d) meascán de phointí (a) go (c).

2. Ainmneoidh Comhpháirtithe EURES pointe teagmhála amháin nó níos mó, amhail oifigí socrúcháin agus earcaíochta, ionaid ghlaonna, uirlisí féinfhreastail agus a leithéidí, áit is féidir le hoibrithe agus fostóirí tacaíocht a fháil le himréiteach agus/nó rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta i gcomhréir leis an Rialachán seo. Féadfaidh na pointí teagmhála a bheith bunaithe freisin ar chláir um malartú foirne nó ar oifigigh idirchaidrimh a chur ar iasacht, nó féadfaidh gníomhaireachtaí coiteanna socrúcháin a bheith rannpháirteach iontu.

3. Cuirfidh na pointí teagmhála raon feidhme na seirbhísí tacaíochta arna soláthar d'oibrithe agus d'fhostóirí in iúl go soiléir.

4. Féadfaidh na Ballstáit a chur de cheangal ar Chomhpháirtithe EURES rannchuidiú leis na nithe seo a leanas:

   (a) feidhmiú an mhoil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15(5) trí tháille a ghearradh nó i bhfoirm eile;

   (b) malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 26 agus in Airteagal 27;

   (c) an timthriall cláreagraithe dá dtagraítear in Airteagal 28;

   (d) bailiú sonraí i gcomhréir le hAirteagal 29.

   Déanfaidh na Ballstáit cinneadh maidir leis na rialacha mionsonraithe a bhaineann leis an rannchuidiú sin sna córais náisiúnta atá acu bunaithe ar phrionsabal na comhréireachta, ag cur san áireamh gnéithe amhail cumas Comhpháirtí EURES ó thaobh riaracháin de agus méid a rannpháirtíochta i líonra EURES dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 10

Ról na seirbhísí poiblí fostaíochta

1. Féadfaidh na Ballstáit cúraimí nó gníomhaíochtaí ginearálta a shannadh ar a seirbhísí poiblí fostaíochta a bhaineann le heagrú na hoibre faoin Rialachán seo, amhail forbairt agus riar na gcóras náisiúnta le haghaidh Comhpháirtithe EURES a údarú nó ullmhú agus scaipeadh na bunfhaisnéise dá dtagraítear in Airteagal 20.

2. Féadfaidh na Ballstáit soláthar na seirbhísí tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 21 go hAirteagal 23 a chur ar iontaoibh a seirbhísí poiblí fostaíochta, ar choinníoll go mbeidh na seirbhísí sin rannpháirteach i líonra EURES, bíodh sin mar Chomhpháirtí EURES arna údarú de bhun Airteagal 8 agus na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Rialachán seo nó mar Chomhpháirtí EURES bunaithe ar an díolúine i mír 3.

3. Ar feadh tréimhse uasta de chúig bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfaidh na Ballstáit na seirbhísí poiblí fostaíochta sin a bhí ina gcuid de líonra EURES i gcomhréir leis Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/733/AE ón gCoimisiún agus/nó, más iomchuí, Cinneadh 2003/8/CE ón gCoimisiún thráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a dhíolmhú ó athbhreithniú ar chur i bhfeidhm Airteagal 8 agus na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Rialachán seo. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir leis na díolúintí a dheonaítear.

Airteagal 11

An Grúpa um Chomhordú

1. Tá an Grúpa um Chomhordú comhdhéanta d'ionadaithe ón Oifig Eorpach um Chomhordú agus ó na hOifigí Náisiúnta um Chomhordú.

2. Tacaíonn an Grúpa um Chomhordú le cur chun feidhme an Rialacháin seo trí fhaisnéis a mhalartú agus treoir a fhorbairt. Cabhraíonn sé go háirithe chun na dréacht-chaighdeáin theicniúla agus na dréachtfhormáidí dá dtagraítear in Airteagal 14(8) agus in Airteagal 16(5) a ullmhú.

3. Eagraíonn an Oifig Eorpach um Chomhordú obair an Ghrúpa um Chomhordú agus tá sí ina cathaoirleach ar na cruinnithe.

   Tugann sí cuireadh d'ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais freastal ar na cruinnithe.

Airteagal 12

Céannacht choiteann agus an Trádmharc

1. Úsáidtear an t-ainm EURES go heisiach i ndáil le gníomhaíochtaí laistigh de líonra EURES i gcomhréir leis an Rialachán seo. Léireofar é le lógó caighdeánach agus beidh scéim dearaidh ghrafaigh shainithe aige, arna ghlacadh ag an Oifig Eorpach um Chomhordú.

2. Tá marc seirbhíse EURES, maille leis an lógó atá ina shaintréith air, cláraithe mar Thrádmharc Comhphobail leis an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach agus úsáidfidh gach eagraíocht atá rannpháirteach i líonra EURES dá dtagraítear in Airteagal 3 é ina gcuid gníomhaíochtaí uile a bhaineann le líonra EURES agus leis an Rialachán seo d'fhonn céannacht choiteann amhairc a áirithiú.

3. Áiritheoidh eagraíochtaí atá rannpháirteach i líonra EURES go bhfuil an fhaisnéis agus an t-ábhar fógraíochta a chuireann siad ar fáil ag teacht le gníomhaíochtaí

foriomlána cumarsáide líonra EURES agus leis an bhfaisnéis a thagann ón Oifig Eorpach um Chomhordú.

4. Is ag an Oifig Eorpach um Chomhordú amháin atá an t-údarás cead a thabhairt do thríú páirtithe lógó EURES a úsáid, agus cuirfidh sí na heagraíochtaí lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin dá réir.

5. Cuireann eagraíochtaí atá rannpháirteach i líonra EURES an Oifig Eorpach um Chomhordú ar an eolas gan mhoill maidir le haon mí-úsáid a bhainfidh tríú páirtithe nó tríú tíortha as an lógó.

Airteagal 13
Comhar

1. Éascaíonn an Oifig Eorpach um Chomhordú comhoibriú líonra EURES le seirbhísí agus líonraí faisnéise agus comhairleacha eile an Aontais.

2. Comhoibreoidh na hOifigí Náisiúnta um Chomhordú leis na seirbhísí agus líonraí dá dtagraítear i mír 1 ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus an Aontais d'fhonn sineirgí a bhaint amach agus forluí a sheachaint agus, más iomchuí, beidh baint ag Comhpháirtithe EURES leis an gcomhoibriú sin.

3. Déanfaidh na Ballstáit iarracht réitigh a fhorbairt ag baint úsáide as ionad ilfhreastail don chumarsáid le hoibrithe agus le fostóirí maidir le gníomhaíochtaí coiteanna líonra EURES agus leis na seirbhísí agus líonraí sin.

CAIBIDIL III
ARDÁN COITEANN TF

Airteagal 14
Eagrú an ardáin choitinn TF

1. Chun tairiscintí fostaíochta agus iarratais ar fhostaíocht a thabhairt le chéile, foilseoidh gach Ballstát an méid seo a leanas ar thairseach EURES:

   (a) gach folúntas atá ar fáil lena seirbhísí poiblí fostaíochta chomh maith leo sin arna soláthar ag a Chomhpháirtithe EURES;

   (b) gach iarratas ar phost agus gach CV atá ar fáil lena seirbhísí poiblí fostaíochta chomh maith leo sin arna soláthar ag a Chomhpháirtithe EURES, ar an gcoinníoll gur thoiligh na hoibrithe lena mbaineann go mbeadh an fhaisnéis le feiceáil ar thairseach EURES freisin faoi na téarmaí atá sainithe i mír 3.

2. Agus sonraí maidir le folúntais á bhfoilsiú ag na Ballstáit ar thairseach EURES:

   (a) ní dhéanfaidh siad aon idirdhealú i dtaca le cineál agus fad na gconarthaí ná i dtaca le rúin na bhfostóirí ó thaobh earcaíochta de;

   (b) féadfaidh siad folúntais a eisiamh nach bhfuil oscailte ach do shaoránaigh ó thír ar leith mar gheall ar an gcineál folúntais atá i gceist nó de bhun rialacha náisiúnta.

3. Beidh toiliú na n-oibrithe dá dtagraítear i mír 1(b) sainráite, soiléir, tugtha faoi shaoirse, sonrach agus feasach. Beidh oibrithe in ann a dtoiliú a tharraingt siar agus scriosadh nó modhnú aon chuid de na sonraí, nó na sonraí uile, a éileamh tráth ar bith. Beidh oibrithe in ann rogha a dhéanamh idir cúpla roghanna difriúla chun rochtain ar a gcuid sonraí nó ar airíonna áirithe díobh a shrianadh.

4. Beidh na sásraí agus na caighdeáin is gá i bhfeidhm ag na Ballstáit chun buncháilíocht agus cáilíocht theicniúil na sonraí maidir le folúntais agus CVanna a áirithiú.

5. Malartóidh siad faisnéis maidir leis na sásraí agus caighdeáin dá dtagraítear i mír 4, agus maidir le caighdeáin i dtaca le slándáil sonraí agus cosaint sonraí chomh maith. Rachaidh siad i gcomhar lena chéile agus leis an Oifig Eorpach um Chomhordú, go háirithe i ndáil le gearáin agus folúntais a mheastar gan a bheith i gcomhréir leis na caighdeáin is infheidhme faoin dlí náisiúnta.

6. Áiritheoidh siad go mbeifear in ann na foinsí a rianú, ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí.

7. Le go mbeifear in ann tairiscintí fostaíochta a mheaitseáil le hiarratais ar fhostaíocht, cuirfidh gach Ballstát an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil ag baint úsáide as córas aonfhoirmeach.

8. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na caighdeáin agus na formáidí teicniúla is gá d'fhonn an córas aonfhoirmeach dá dtagraítear i mír 7 a bhaint amach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(3).

Airteagal 15

Rochtain ar an ardán coiteann TF ar an leibhéal náisiúnta

1. Áiritheoidh na seirbhísí poiblí fostaíochta go bhfuil tairseach EURES nasctha le, le feiceáil go soiléir agus inchuardaithe go héasca trí gach tairseach cuardaigh poist atá á bainistiú acu, bíodh na tairseacha sin ar leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil.

2. Déanfaidh na seirbhísí poiblí fostaíocht iarracht theacht ar chomhaontuithe le seirbhísí eile fostaíochta atá ag oibriú ar chríoch an Bhallstáit sin d'fhonn a áirithiú go gcuirfear an prionsabal dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm freisin maidir le huirlisí cuardaigh poist ar líne arna mbainistiú acu.

3. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás na n-uirlisí inmheánacha do chás-oibrithe arna mbainistiú ag na seirbhísí poiblí fostaíochta go mbeidh gach folúntas, iarratas ar phost agus CV a fhoilseofar ar thairseach EURES ar fáil ar an leibhéal céanna le haon sonraí náisiúnta sna huirlisí sin.

4. Cuirfidh Comhpháirtithe EURES lena mbaineann na prionsabail dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3 i bhfeidhm freisin i gcomhréir leis an rogha a dhéanfaidh na heagraíochtaí sin faoi Airteagal 9(1).

5. Cuirfidh na Ballstáit mol náisiúnta i bhfeidhm lena mbeifear ábalta faisnéis a aistriú chuig tairseach EURES maidir le folúntais, iarratais ar phost agus CVanna arna gcur ar fáil ag aon eagraíocht atá toilteanach an fhaisnéis sin a chomhroinnt ar thairseach EURES freisin.

6. Déanfaidh na Ballstáit iarracht réitigh a fhorbairt ag baint úsáide as ionad ilfhreastail don chumarsáid le hoibrithe agus fostóirí teorann sna réigiúin thrasteorann sin ina measann na Ballstáit lena mbaineann le chéile gur gá struchtúir shonracha comhair agus seirbhísí a bhunú.

Airteagal 16

Meaitseáil uathoibríoch tríd an ardán coiteann TF

1. Forbróidh an Coimisiún córas aicmithe Eorpach i dtaca le scileanna, inniúlachtaí, cáilíochtaí agus gairmeacha beatha. Éascaíonn an uirlis seo iarratais ar line ar phost thar theorainneacha don Aontas Eorpach ar fad trí meaitseáil post a dhéanamh, ganntanas scileanna a shainaithint, cáilíochtaí a aithint agus gairmthreoir a sholáthar ar thairseach EURES.

2. Rachaidh na Ballstáit agus an Coimisiún i gcomhar lena chéile agus leis an gCoimisiún Eorpach ó thaobh idir-inoibritheachta de idir na córais náisiúnta agus an córas aicmithe dá dtagraítear i mír 1.

3. Chuige sin, faoin 1.1.2017, bunóidh gach Ballstát fardal tosaigh chun a chórais aicmithe náisiúnta, réigiúnacha agus earnálacha a chur i gcomparáid leis an gcóras aicmithe dá dtagraítear i mír 1 agus, tar éis tús a chur le húsáid an fhardail, tabharfar cothrom le dáta go rialta é le cabhair ó ríomhchlár a chuirfidh an Oifig Eorpach um Chomhordú ar fáil, le go mbeidh sé cothrom le dáta ó thaobh dul chun cinn sna seirbhísí earcaíochta.

4. Cuireann an Coimisiún tacaíocht theicniúil ar fáil do na Ballstáit a roghnaíonn an córas aicmithe dá dtagraítear i mír 1 a chur in ionad a gcóras aicmithe náisiúnta féin.

5. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na caighdeáin agus formáidí teicniúla is gá chun an córas aicmithe dá dtagraítear i mír 1 a oibriú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(3).

Airteagal 17

Sásraí a éascaíonn rochtain d'oibrithe agus d'fhostóirí

1. Áiritheoidh na seirbhísí poiblí fostaíochta gur féidir leis na hoibrithe atá ag baint úsáide as a gcuid seirbhísí, trí iarratais ar phost agus/nó CVanna a chur ar fáil leo, rogha a dhéanamh go dtabharfaidh na seirbhísí fostaíochta sin cúnamh do na hoibrithe sin clárú ar thairseach EURES, ag baint úsáide as an mol náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15(5).

2. Bunóidh na seirbhísí poiblí fostaíochta sásra den sórt céanna chun éascaíocht a dhéanamh ar chlárú mar fhostóir ar thairseach EURES do na fostóirí sin a bhaineann úsáid as a gcuid seirbhísí chun folúntais a fhoilsiú ar an leibhéal náisiúnta, bíodh sin go díreach trína gcuid tairseach cuardaigh poist nó trí ardáin eile a dtacaíonn na Ballstáit leo.

3. Cuirfidh Comhpháirtithe EURES lena mbaineann na prionsabail dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 i bhfeidhm freisin i gcomhréir leis an rogha a dhéanfaidh na heagraíochtaí sin faoi Airteagal 9(1).

4. Beidh rochtain ag oibrithe agus ag fostóirí ar fhaisnéis ghinearálta maidir le conas, cén uair agus cén áit is féidir leo na sonraí lena mbaineann a thabhairt cothrom le dáta, a leasú agus a tharraingt siar.

CAIBIDIL IV
SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Airteagal 18
Na prionsabail

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh oibrithe agus fostóirí in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta ar an leibhéal náisiúnta

2. Tacóidh na Ballstáit le forbairt ar chur chuige comhordaithe ar an leibhéal náisiúnta maidir le seirbhísí den sórt sin.

3. Trí Chomhpháirtithe EURES, áiritheoidh na Ballstáit soláthar na seirbhísí tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 20 go hAirteagal 23:

   (a) ag na seirbhísí poiblí fostaíochta de chuid an Bhallstáit lena mbaineann iad féin, i gcomhréir le hAirteagal 10;

   (b) ag eagraíochtaí atá ag gníomhú faoi fhreagracht sheirbhísí poiblí fostaíochta an Bhallstáit lena mbaineann, ar bhonn tarmligthe, seachfhoinsithe nó comhaontuithe sonracha arna síniú leis na seirbhísí poiblí fostaíochta sin nó comhlachtaí eile maidir leis na seirbhísí arna soláthar ag na heagraíochtaí sin;

   (c) trí Chomhpháirtí EURES amháin nó níos mó nó

   (d) le meascán de phointe (a) go pointe (c).

4. I ngach Ballstát, is iad na heagraíochtaí dá dtagraítear i mír 3(a) nó mír 3(b) ar a laghad a chuirfidh na seirbhísí tacaíochta dá dtagraítear in Airteagail 20 go 23 ar fáil.

5. Tá seirbhísí tacaíochta d'oibrithe mar atá leagtha amach in Airteagail 20, 22 agus 23 agus an cúnamh leis an gclárú ar thairseach EURES dá dtagraítear in Airteagal 17(1) saor in aisce.

6. Féadfar táille a ghearradh ar sheirbhísí tacaíochta d'fhostóirí dá dtagraítear in Airteagal 21 agus Airteagal 22 agus ar an gcúnamh leis an gclárú ar thairseach EURES dá dtagraítear in Airteagal 17(2). I dtaca le haon táille a ghearrfar, ní fhéadfar idirdhealú a dhéanamh idir na táillí arna ngearradh ar sheirbhísí EURES agus na táillí is infheidhme maidir le seirbhísí inchomparáide eile arna soláthar ag an eagraíocht lena mbaineann.

7. Cuirfidh Comhpháirtithe EURES lena mbaineann in iúl go soiléir d'oibrithe agus d'fhostóirí an raon seirbhísí tacaíochta a sholáthraíonn siad, cén áit agus conas is féidir rochtain a fháil ar na seirbhísí sin agus na coinníollacha faoina gcuirtear rochtain ar fáil, ag baint úsáide as a modhanna scaipthe faisnéise. Foilseofar an fhaisnéis sin ar thairseach EURES.

Airteagal 19
Rochtain ar fhaisnéis bhunúsach

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh gach oibrí agus gach fostóir a iarrfaidh seirbhísí cliant ó sheirbhísí fostaíochta faisnéis bhunúsach maidir leis an tacaíocht soghluaisteachta atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta nó go mbeidh siad ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

   (a) San fhaisnéis sin, cuirfear ar a shúile dóibh ar a laghad go bhfuil tairseach EURES agus líonra EURES ann, chomh maith le sonraí teagmhála

Comhpháirtithe ábhartha EURES ar an leibhéal náisiúnta, faisnéis maidir leis na modhanna earcaíochta a úsáideann siad (ríomhsheirbhísí, seirbhísí pearsanaithe, suíomh na bpointí teagmhála) agus na hipearnaisc ábhartha.

(b) Beidh rochtain éasca ar an bhfaisnéis agus cuirfear i láthair í ar bhealach atá éasca le léamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis shonrach a fhorbairt d'oibrithe teorann sna réigiúin thrasteorann sin ina measann na Ballstáit lena mbaineann le chéile gur gá struchtúir shonracha comhair agus seirbhísí a bhunú.

3. Tacaíonn an Oifig Eorpach um Chomhordú le forbairt na faisnéise bunúsaí faoin Airteagal seo agus cabhraíonn sí leis na Ballstáit a áirithiú go gcumhdófar a ndóthain teangacha.

Airteagal 20
Seirbhísí tacaíochta d'oibrithe

1. Tairgeann Comhpháirtithe EURES lena mbaineann deis do gach oibrí atá ag cuardach fostaíochta rochtain a fháil ar na seirbhísí atá sainithe san Airteagal seo go gníomhach. Más iomchuí, déantar an tairiscint sin an athuair le linn an phróisis cuardaigh poist.

2. Má tá oibrithe ag iarraidh tuilleadh cúnaimh a fháil, cuireann Comhpháirtithe EURES faisnéis agus treoir maidir le deiseanna aonair fostaíochta ar fáil agus tairgeann siad na seirbhísí seo a leanas dóibh, go háirithe:

(a) faisnéis a sholáthar maidir le dálaí maireachtála agus oibre nó tagairtí d'fhaisnéis den sórt sin;

(b) faisnéis a sholáthar maidir le bearta gníomhacha mhargadh an tsaothair agus rochtain ar bhearta den sórt sin;

(c) má iarrtar sin, cúnamh a thabhairt maidir le hiarratais ar phost agus CVanna a scríobh d'fhonn comhréireacht leis na caighdeáin theicniúla agus na formáidí teicniúla Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 14(8) agus in Airteagal 16(5) a áirithiú;

(d) más gá, cúnamh a thabhairt le hiarratais ar phost den sórt sin a uaslódáil agus maidir le tairseacha cuardaigh poist ábhartha náisiúnta agus tairseach EURES;

(e) más iomchuí, seirbhís leantach maidir le socrúchán féideartha laistigh den AE a chur san áireamh mar chuid den phlean gníomhaíochta aonair;

(f) más iomchuí, an cás a chur faoi bhráid Comhpháirtí EURES eile.

3. Má tá oibrithe ag iarraidh tuilleadh cúnaimh a fháil agus má tá dóchúlacht réasúnta ann socrúchán laistigh den AE a fháil, cuireann Comhpháirtithe EURES lena mbaineann tuilleadh cúnaimh i dtaca leis an gcuardach poist ar fáil, a chuimsíonn seirbhísí amhail folúntais oiriúnacha a roghnú, cúnamh le hiarratais ar phost agus CVanna a scríobh agus aistriúcháin a sholáthar agus/nó soiléiriú a fháil maidir le folúntais shonracha i mBallstáit eile.

4. Nuair a earcaítear oibrí i mBallstát eile mar thoradh ar na seirbhísí arna soláthar i gcomhréir leis an Airteagal seo, soláthróidh Comhpháirtithe EURES lena mbaineann sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí sa Bhallstát atá ina cheann scríbe don duine lena mbaineann, eagraíochtaí a bheidh in ann cúnamh iar-earcaíochta a thairiscint.

Airteagal 21
Seirbhísí tacaíochta d'fhostóirí

1. Tabharfaidh Comhpháirtithe EURES lena mbaineann faisnéis agus treoir d'fhostóirí atá ag iarraidh oibrithe ó Bhallstáit eile a earcú agus tairgfidh siad na seirbhísí seo a leanas dóibh go háirithe:

   (a) faisnéis a sholáthar maidir leis na rialacha sonracha is infheidhme agus na hoibrithe sin á bhfostú;

   (b) úsáid líonra EURES agus bhunachair sonraí na CVanna ar thairseach EURES a úsáid mar uirlis a chabhróidh chun folúntais a líonadh;

   (c) faisnéis agus treoir a sholáthar maidir le gnéithe a d'fhéadfadh earcú oibrithe a éascú agus maidir le conas tacú le comhtháthú na n-oibrithe;

   (d) má iarrtar sin, faisnéis agus treoir a sholáthar maidir le ceanglais post aonair a scríobh d'fholúntas a bheidh intuigthe ag pobal Eorpach;

   (e) má iarrtar sin, cúnamh a thabhairt maidir leis an bhfolúntas a scríobh i gcomhréir leis na caighdeáin theicniúla agus na formáidí teicniúla Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 14(8) agus in Airteagal 16(5) a áirithiú;

   (f) más gá, cúnamh a thabhairt maidir le clárú mar fhostóir ar thairseach EURES;

   (g) más iomchuí, an cás a chur faoi bhráid Comhpháirtí EURES eile.

2. Má tá fostóirí ag iarraidh tuilleadh cúnaimh a fháil agus má tá dóchúlacht réasúnta ann socrúchán laistigh den AE ar fáil, cuireann Comhpháirtithe EURES lena mbaineann tuilleadh cúnamh ar fáil, a chuimsíonn seirbhísí amhail iarrthóirí oiriúnacha a réamhroghnú agus cúnamh le haistriúcháin a sholáthar agus/nó soiléiriú a fháil maidir le hiarratais shonracha ar phost.

3. Nuair a earcaítear oibrí ó Bhallstát eile mar thoradh ar na seirbhísí arna soláthar i gcomhréir leis an Airteagal seo, soláthróidh Comhpháirtithe EURES lena mbaineann sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí a bheidh in ann cúnamh a thairiscint maidir le comhtháthú na n-oibrithe nua-earcaithe ó Bhallstáit eile.

4. Déanfaidh na seirbhísí poiblí fostaíochta iarracht theacht ar chomhaontuithe le seirbhísí fostaíochta eile atá ag oibriú ar chríoch an Bhallstáit sin:

   (a) chun clárú fostóirí ar líonra EURES a chur chun chinn ar bhonn comhpháirteach ar chríoch an Bhallstáit sin agus úsáid an ardáin choitinn um imréiteach Eorpach a chur chun cinn i measc fostóirí freisin;

   (b) faisnéis agus dea-chleachtais maidir le seirbhísí tacaíochta a chomhroinnt i measc fostóirí atá ag iarraidh oibrithe a earcú ó Bhallstáit eile.

Airteagal 22
Cúnamh iar-earcaíochta

1. Soláthróidh Comhpháirtithe EURES lena mbaineann, má iarrann oibrithe nó fostóirí é, faisnéis ghinearálta maidir le cúnamh iar-earcaíochta agus maidir le cén áit is féidir teacht ar chúnamh iar-earcaíochta, amhail oiliúint maidir le cumarsáid idirchultúrtha, cúrsaí teanga agus tacaíocht le comhtháthú.

2. De mhaolú ar Airteagal 18(5), féadfaidh Comhpháirtithe EURES táille a ghearradh ar oibrithe as an gcúnamh dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 23

Rochtain éascaithe ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí maidir le slándáil shóisialta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar comhordú idir na seirbhísí tacaíochta faoin Rialachán seo agus na seirbhísí i dtaca le slándáil shóisialta arna soláthar ag na húdaráis inniúla.

2. Chun críche mhír 1, tacóidh na Ballstáit leis an bhforbairt ar rochtain chomhtháite ar líne mar fhoinse tosaigh faisnéise d'oibrithe, d'oibrithe teorann agus d'fhostóirí.

3. Soláthróidh Comhpháirtithe EURES lena mbaineann faisnéis ghinearálta do na hoibrithe, oibrithe teorann agus fostóirí a iarrfaidh faisnéis den sórt sin maidir leis na cearta a bhaineann le slándáil shóisialta agus glacfaidh siad chucu féin na hiarrataí ar fhaisnéis shonrach a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil agus, más infheidhme, faoi bhráid eagraíochtaí eile a thacaíonn le hoibrithe i bhfeidhmiú a gceart chun saoirse gluaiseachta.

Airteagal 24

Rochtain ar bhearta náisiúnta mhargadh an tsaothair

Ní chuirfidh Ballstát srian ar an rochtain ar bhearta náisiúnta mhargadh an tsaothair gan de chúis a bheith leis an srianadh sin ach go bhfuil oibrí ag iarraidh cúnaimh chun fostaíocht a fháil ar chríoch Ballstáit eile.

CAIBIDIL V
AN GAOL LE BEARTAIS SOGHLUAISTEACHTA

Airteagal 25

Malartú faisnéise maidir le sreabhadh agus patrúin soghluaisteachta

Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit faireachán ar shreabhadh agus patrúin soghluaisteachta lucht saothair san Aontas ar bhonn staitisticí Eurostat agus na sonraí náisiúnta atá ar fáil.

Airteagal 26

Malartú faisnéise idir na Ballstáit

1. Déanfaidh gach Ballstát faisnéis a bhailiú agus a anailísiú, go háirithe, maidir le:

   (a) ganntanas agus barrachas lucht saothair ar mhargaí saothair náisiúnta agus earnálacha agus a mhéad is féidir dul i ngleic leo le soghluaisteacht lucht saothair;

   (b) gníomhaíochtaí EURES ar an leibhéal náisiúnta;

   (c) seasamh líonra EURES ar mhargadh na seirbhísí earcaíochta ar an leibhéal náisiúnta ina iomláine.

2. Tá na hOifigí Náisiúnta um Chomhordú freagrach as faisnéis a chomhroinnt laistigh de líonra EURES agus as rannchuidiú leis an gcomh-anailísiú.

3. Agus malartú faisnéise agus an comh-anailísiú á gcur san áireamh acu, forbróidh na Ballstáit beartais soghluaisteachta mar chuid lárnach dá mbeartais fostaíochta. Cuireann na beartais soghluaisteachta seo creat ar fáil a mbainfidh na Ballstáit úsáid as chun an cláreagrú dá dtagraítear in Airteagal 28 a thabhairt i gcrích.

4. Bunaíonn an Oifig Eorpach um Chomhordú nósanna imeachta agus déanann sí socruithe praiticiúla d'fhonn malartú faisnéise a éascú i measc na nOifigí Náisiúnta um Chomhordú chomh maith le forbairt na comhanailíse a éascú.

Airteagal 27
Malartú faisnéise a ghabhann le seirbhísí tacaíochta

1. Déanfaidh gach eagraíocht atá rannpháirteach i líonra EURES dá dtagraítear in Airteagal 4 faisnéis a chomhroinnt agus a mhalartú maidir le dálaí maireachtála agus oibre agus nósanna imeachta riaracháin sna Ballstáit chomh maith leis na rialacha is infheidhme maidir le hoibrithe ó Bhallstáit eile, sa chaoi go mbeidh treoir ar fáil d'oibrithe agus d'fhostóirí.

2. Déanann siad faisnéis a chomhroinnt agus a mhalartú freisin faoin gcás mar atá sna Ballstáit a thabharfaidh treoir d'oibrithe teorann.

3. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na samhlacha agus na nósanna imeachta chun an fhaisnéis seo a mhalartú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Airteagal 28
Cláreagrú

1. I ngach Ballstát, déanfaidh an Oifig Náisiúnta um Chomhordú clár oibre a tharraingt suas gach bliain do na heagraíochtaí atá rannpháirteach i lionra EURES ar chríoch an Bhallstáit sin.

2. Sa chlár oibre sin, sonrófar:

   (a) Na príomhghníomhaíochtaí atá le déanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo;

   (b) Na hacmhainní daonna agus airgeadais foriomlán arna leithdháileadh chun é a chur chun feidhme;

   (c) Na socruithe maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe.

3. Déanfaidh na hOifigí Náisiúnta um Chomhordú agus an Oifig Eorpach um Chomhordú athbhreithniú le chéile ar na dréachtchláir oibre sula gcuirfear bailchríoch leo.

4. Rachfar i gcomhairle le hionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais atá rannpháirteach i nGrúpa um Chomhordú EURES maidir leis na dréachtchláir oibre.

5. Bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na teimpléid agus na nósanna imeachta is gá don chláreagrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Airteagal 29
Bailiú sonraí agus táscairí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun sonraí a thairgeadh agus a bhailiú maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir lena na catagóirí seo a leanas de tháscairí coiteanna:

   (a) faisnéis agus treoir arna soláthar ag Lionra EURES, bunaithe ar líon na dteagmhálacha a bhíonn ag baill foirne EURES le hoibrithe agus fostóirí;

   (b) socrúcháin agus earcaíocht a eascraíonn ó ghníomhaíochtaí EURES, bunaithe ar líon na bhfolúntas, na n-iarratas ar phost, na CVanna arna láimhseáil agus arna bpróiseáil ag baill foirne EURES agus ar líon na n-oibrithe arna n-earcú i mBallstát eile dá réir;

   (c) torthaí maidir le sástacht custaiméirí le líonra EURES, a gheofar freisin ó shuirbhéanna;

2. Tá an Oifig Eorpach um Chomhordú freagrach as sonraí a bhailiú faoi thairseach EURES agus as forbairt an chomhair maidir leis an imréiteach faoin Rialachán seo.

3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 33 d'fhonn forbairt breise a dhéanamh ar na táscairí coiteanna.

Airteagal 30
Tuarascálacha cur chun feidhme

Agus an fhaisnéis arna bhailiú dá dtagraítear sa Chaibidil seo a chur san áireamh, cuirfidh an Coimisiún Eorpach tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste na Réigiún agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa gach re bliain maidir le soghluaisteacht lucht saothair laistigh den Aontas agus maidir leis na seirbhísí arna soláthar d'oibrithe chun éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú na saoirse gluaiseachta i gcomhréir le hAirteagal 46 den CFAE.

CAIBIDL VI
FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 31
Sonraí pearsanta a chosaint

Is gá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe Treoir 95/46/CE maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[23] agus na bearta náisiúnta cur chun feidhme a ghabhann leo, chomh maith le agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[24].

[23] IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.
[24] IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

Airteagal 32
Measóireacht ex post

Cuirfidh an Coimisiún Eorpach measóireacht *ex post* faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste na Réigiún agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le feidhmiú agus iarmhairtí an Rialacháin seo cúig bliana tar éis a theacht i bhfeidhm.

Féadfaidh tograí reachtacha lena leasaítear an Rialachán seo a bheith ag gabháil leis an tuarascáil.

Airteagal 33
An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 29 don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nó ó dháta ar bith eile arna shocrú ag an reachtóir.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 29 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8 agus Airteagal 29 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 34
Nós imeachta coiste

1. Beidh Coiste 'EURES' arna bhunú leis an Rialachán seo de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an Coiste sin ina Choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 35
Aisghairmeacha

1. Aisghairtear leis seo na forálacha seo a leanas atá sonraithe sna gníomhartha thíosluaite:

   (a) Caibidil II agus Airteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse gluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas;

   (b) Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 1296/ 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE lena mbunaítear an tSaoráid Mhicreamhaoiniúcháin Eorpach um Fhostaíocht agus um Chuimsiú Sóisialta.

2. Forléireofar tagairtí a dhéantar do na gníomhartha aisghairthe mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 36
Cur i bhfeidhm

Beidh feidhm ag an Rialachán maidir leis na Ballstáit agus lena gcuid náisiúnach, ach sin gan dochar d'Airteagal 2 agus Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011.

Airteagal 37
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*